An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta
National Council for Curriculum and Assessment

# Dréachtsonraíocht NTI na Sraithe Sóisearaí (2024)

## Fraincis, Gearmáinis, Iodáilis, Spáinnis

**Nóta don Léitheoir:**
**Athraíodh an leagan foilsithe de shonraíocht Nuatheangacha Iasachta na Sraithe Sóisearaí sna réimsí atá scáthaithe i liath. Bhí cuid de na hathruithe beag agus ina measc rinneadh na habairtí a athordú/cuireadh athleagan orthu, agus bhí athruithe eile a bhí níos suntasaí.**

An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta
National Council for Curriculum and Assessment

# Clár Ábhar


CLÁR ÁBHAR ... 2

INTREOIR DON TSRAITH SHÓISEARACH ... 3

**Réasúnaíocht** ... **4**

**Aidhm** ... **5**

**Forbhreathnú: Naisc** ... **7**
- Na ráitis foghlama ... 7
- Príomhscileanna ... 8
- Naisc chuig Príomhscileanna na Sraithe Sóisearaí ... 10

**Forbhreathnú: Cúrsa** ... **13**
- Teagasc agus foghlaim ... 13
- Dul chun cinn ... 19

**Ionchais maidir leis an scoláire** ... **20**
- Snáithe 1. Inniúlacht chumarsáideach ... 21
- Snáithe 2: Feasacht Teanga ... 24
- Snáithe 3: Eolas soch-chultúrtha agus feasacht idirchultúrtha ... 25

**Measúnú agus tuairisciú** ... **26**
- Measúnú i Nuatheangacha Iasachta na Sraithe Sóisearaí ... 26
- Measúnú do PGSS ... 27
- Réasúnaíocht do na Measúnuithe Rangbhunaithe (MRBanna) in NTI ... 28
- Measúnú Rangbhunaithe 1: Samplaí ó mo Phunann Teanga ... 28
- Measúnú Rangbhunaithe 2: Cumarsáid ó Bhéal ... 30

**Aguisín A: Gluais Téarmaí** ... **34**

**Aguisín B: An cur chuige dírithe ar ghníomh a chur i bhfeidhm** ... **37**
- Samplaí léiritheacha d'úsáid na teanga sóisialta ar fud na réimsí ... 37
- Machnaimh chun tascanna barántúla a phleanáil ... 38
- Tuilleadh eolais faoin gcur chuige dírithe ar ghníomh ... 43

**Aguisín C: Scálaí tuairisciúla CV FTCE** ... **45**
- Forbhreathnú ar Leibhéil Chomhchoiteanna Tagartha CV FTCE ... 46
- Greille féinmheasúnaithe CV FTCE (le hidirghníomhú agus idirghabháil ar líne) ... 47
- Greille CV FTCE don mheasúnú scríofa ... 50
- Gnéithe cáilíochtúla CV FTCE den teanga labhartha (leathnaithe le fóineolaíocht) ... 51

## Intreoir don tsraith shóisearach

In oideachas na sraithe sóisearaí cuirtear an scoláire ag croílár an eispéiris oideachasúil, á chumasú le páirt ghníomhach a ghlacadh ina phobal féin agus sa tsochaí, agus á chumasú freisin le tabhairt faoin bhfoghlaim go seiftiúil agus go muiníneach i ngach gné agus ag gach céim dá shaol. Tá an tsraith shóisearach uileghabhálach i dtaca le gach scoláire. Sa tsraith shóisearach cuirtear le comhionannas deise, rannpháirtíochta agus torthaí do chách.

Sa tsraith shóisearach cuirtear nasc níos fearr leis an bhfoghlaim ar fáil don scoláire mar go ndírítear ar chaighdeán na foghlama. Déantar eispéiris a sholáthar don scoláire atá mealltach agus taitneamhach, agus bainteach lena shaol. Eispéiris d'ardchaighdeán iad seo, cuireann siad go díreach le folláine fhisiciúil, mheabhrach agus shóisialta an fhoghlaimeora, agus, de réir mar is féidir, cuireann siad deiseanna ar fáil le hinniúlachtaí agus le buanna an fhoghlaimeora a fhorbairt maidir le cruthaitheacht, nuálaíocht agus fiontar. I gclár shraith shóisearach an fhoghlaimeora tógtar ar a bhfuil foghlamtha aige cheana, tugtar tacaíocht do chur chun cinn a chuid foghlama, agus tacaítear leis chun na scileanna foghlama a fhorbairt a chabhróidh leis tabhairt faoi dhúshláin an tsaoil lasmuigh den scoil.

## Réasúnaíocht

Cuireann staidéar na nuatheangacha iasachta ar chumas an scoláire tógáil ar an bhfoghlaim teanga a rinne sé sa bhunscoil agus tuilleadh forbartha a dhéanamh ar a scileanna i dteangacha a úsáid agus ar thaitneamh a bhaint as teangacha a úsáid. Tá fáil ag gach scoláire ar fhoghlaim teanga, rud a chuireann lena fhás cognaíoch, pearsanta agus sóisialta ach feabhas a chur ar a scileanna cumarsáideacha agus smaointeoireachta agus ar a rannpháirtíocht i sochaí dhomhanda. Chomh maith leis sin, tá an cumas chun cumarsáid a dhéanamh sa mháthairtheanga agus i dteangacha iasachta i measc na n-ocht bpríomhinniúlacht d'fhoghlaim ar feadh an tsaoil a shainaithin an tAontas Eorpach agus an Chomhairle Eorpach sa bhliain 2006[1].

Forbraítear feasacht ghinearálta an scoláire ar theangacha de bharr foghlaim teanga. Feabhsaíonn sí an cumas atá aige chun anailís a dhéanamh ar an dóigh a n-oibríonn teanga, chun comparáid a dhéanamh idir teangacha agus chun machnamh a dhéanamh ar an dóigh a bhfoghlaimíonn sé teangacha. Bíonn tionchar dearfach aige sin ar a scileanna céad teanga agus ar a fhoghlaim teanga amach anseo.

Agus teangacha iasachta á bhfoghlaim ag an scoláire, forbraíonn sé na scileanna labhartha, éisteachta, léitheoireachta, agus scríbhneoireachta sa sprioctheanga go comhtháite trí bheith rannpháirteach go gníomhach i ngníomhaíochtaí agus i dtascanna[2] ach úsáid a bhaint as na ceithre mhodh cumarsáide (gabhchumas, táirgeadh, idirghníomhú agus idirghabháil). Mar thoradh air sin, is le neamhspleáchas, le muinín agus le cruthaitheacht níos mó a dhéanann sé cumarsáid. Ós rud é gur gníomhaíocht shóisialta agus gníomhaíocht phearsanta atá san fhoghlaim agus mar gur cuid lárnach de theanga í cumarsáid, is iomaí deis atá ag an scoláire agus é ag foghlaim teangacha oibriú le daoine eile ar mhaithe lena scileanna teanga a fhorbairt agus spriocanna cuí a bhaint amach.

Gné bhunúsach de theangacha is ea go dtugtar deis don scoláire teacht ar shaolta nua agus ar bhealaí difriúla smaointeoireachta leo. Feabhsaítear forbairt chognaíoch an scoláire freisin leis an eolas soch-chultúrtha agus leis an bhfeasacht idirchultúrtha a fhorbraítear dá bharr sin. Forbraíonn an scoláire tuiscint níos cuimsithí ar a chultúr féin agus léirthuiscint aige don éagsúlacht ach machnamh a dhéanamh ar chultúir eile agus comparáidí a dhéanamh.

Ina theannta sin, tugtar léargas níos fearr ar an saol don scoláire agus cuirtear ar a chumas scil foghlama ar feadh an tsaoil a fhorbairt le haghaidh oideachais, fóillíochta agus oibre, agus dearcadh dearfach a fhorbairt i leith teangacha agus cultúir eile. Bíonn ról tábhachtach ag teicneolaíochtaí nua-aimseartha i bhfoghlaim teanga agus in úsáid teanga a dhéanamh níos éasca agus níos taitneamhaí d'fhoghlaimeoirí ach teacht ar fhaisnéis agus ar chumarsáid le daoine a éascú ar fud an domhain.

Sochaí ilteangach atá sa tsochaí ina mairimid anois. Ní mór d'Éirinn a hinniúlacht teanga a mhéadú chun ilteangachas a chothú, is é sin stór focal teangeolaíoch dinimiciúil agus forbartha de chuid an úsáideora/fhoghlaimeora aonair is ea ilteangachas ina dtarraingíonn sé ar a acmhainní agus a

---

[1] Moladh 2006/962/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Nollaig 2006 ar inniúlachtaí lárnacha d'fhoghlaim ar feadh an tsaoil [Iris Oifigiúil L 394 an 30.12.2006].

[2] Is féidir sainmhínithe ar na príomhthéarmaí a fháil sa Ghluais Téarmaí in Aguisín A. Cuireadh líne faoi na príomhthéarmaí ar fud an doiciméid seo agus tá siad hipearnasctha leis an nGluais in Aguisín A.

thaithí theangeolaíocha agus chultúrtha féin chun páirt níos iomláine a ghlacadh i gcomhthéacsanna sóisialta agus oideachais. [3]

I roinnt mhaith staidéar a rinneadh go dtí seo, deimhnítear na buntáistí a bhaineann leis an dátheangachas agus leis an ilteangachas. Is fearr feidhmíocht an scoláire a fuair blaiseadh d'fhoghlaim teanga sna luathbhlianta ná feidhmíocht an scoláire sin nach bhfuair an blaiseadh sin. Ní hé amháin go mbaineann an fheidhmíocht sin le scileanna ó bhéal, baineann sí leis an matamaitic freisin. Taispeánann sé cineálacha feabhsaithe cumais i réimsí amhail réiteach fadhbanna, iltascáil, cruthaitheacht agus aitheantas patrún[4].

Cuireadh cur chuige coiteann i bhfeidhm chun an tsonraíocht a fhorbairt le haghaidh Nuatheangacha Iasachta na Sraithe Sóisearaí (NTI SS) do na ceithre theanga churaclaim Fraincis, Gearmáinis, Iodáilis agus Spáinnis chun tacú le teagasc, foghlaim agus measúnú. Féach na haguisíní le haghaidh tuilleadh tacaíochtaí.

## Aidhm

Is é aidhm na sonraíochta le haghaidh Nuatheangacha Iasachta na Sraithe Sóisearaí inniúlacht chumarsáideach teanga a fhorbairt atá ag teacht den chuid is mó le banda A (A1 go A2, úsáideoir bunúsach) den *Fhráma Tagartha Comónta Eorpach: Foghlaim, teagasc, measúnú* (FTCE)[5] agus an tImleabhar a théann leis (CV FTCE[6]) agus a thuairisceoirí. Aidhm eile atá leis ná cur ar chumas an scoláire an t-idirspleáchas idir teanga agus cultúr a fhiosrú, forbairt a dhéanamh ar an léirthuiscint atá aige dá ábhartha atá teangacha dá shaol chun críocha pearsanta, sóisialta, oideachasúla, gairme agus fóillíochta, agus taitneamh a bhaint as foghlaim teanga.

Le bheith níos sonraíche spreagann sé an scoláire

- páirt ghníomhach a ghlacadh i ngníomhaíochtaí agus i dtascanna teanga lena bhforbraítear an cumas chun an teanga scríofa agus an teanga labhartha a thuiscint
- cumarsáid a dhéanamh go héifeachtach agus go muiníneach sa spriocthteanga i gcomhthéacsanna coitianta trí mheáin éagsúla
- forbairt a dhéanamh ar a chumas chun struchtúir chuí agus stór focal cuí a úsáid chun críche cumarsáide, idir chumarsáid i scríbhinn agus chumarsáid ó bhéal
- taitneamh a bhaint as taithí foghlama teanga a thabharfaidh cabhair agus spreagadh dó leanúint ar aghaidh ag foghlaim teangacha sa todhchaí

---

[3] FTCE, Comhairle na hEorpa, 2001, lch 6

[4] Féach García, Ofelia (2009). *Bilingual Education in the 21st Century: A Global Perspective*. Malden, MA agus Oxford, an Ríocht Aontaithe: Wiley-Blackwell. lgh 93-108.

[5] Comhairle na hEorpa, (2001). *An Fráma Tagartha Comónta Eorpach: Teagasc, foghlaim agus measúnú.* Cambridge: Cambridge University Press. Tá an téacs iomlán ar fáil ar shuíomh gréasáin Chomhairle na hEorpa: https://www.coe.int/t/dg4/linguistic/Source/Framework_EN.pdf.

[6] Comhairle na hEorpa, (2020), An Fráma Tagartha Comónta Eorpach: Teagasc, foghlaim agus measúnú. Ar fáil ag https://rm.coe.int/common-european-framework-of-reference-for-languages-learning-teaching/16809ea0d4

- bheith athmhachnamhach agus neamhspleách ina fhoghlaim teanga agus páirt ghníomhach a ghlacadh i monatóireacht agus i measúnú a dhéanamh ar an dul chun cinn atá déanta aige
- léirthuiscint a ghnóthú dá chultúr féin agus do chultúir eile
- forbairt a dhéanamh ar scileanna is féidir a chur i bhfeidhm maidir le réimsí eile staidéir agus saoil.

## Forbhreathnú: Naisc

Léirítear i dTáblaí 1 agus 2 ar na leathanaigh seo a leanas an chaoi a bhfuil Nuatheangacha Iasachta na Sraithe Sóisearaí nasctha le gnéithe lárnacha den fhoghlaim agus den teagasc sa tsraith shóisearach.

### Na ráitis foghlama

| An ráiteas | Samplaí d'fhoghlaim ábhartha |
|---|---|
| RF 2: Éisteann, labhraíonn, léann agus scríobhann an scoláire sa T2[7] agus i dteanga amháin eile ag leibhéal inniúlachta atá ag teacht le cumas an scoláire féin. | Forbróidh an scoláire a inniúlacht chumarsáideach teanga ach páirt ghníomhach a ghlacadh i ngníomhaíochtaí agus i dtascanna teanga sna scileanna comhtháite teanga: éisteacht, léitheoireacht, táirgeadh labhartha, idirghníomhú labhartha agus scríbhneoireacht. |
| RF 6: Tuigeann an scoláire an chaoi a gcuireann luachanna, creidiúintí agus traidisiúin éagsúla leis na pobail agus leis an gcultúr ina maireann sé/sí agus tá meas aige/aici orthu. | Déanfaidh an scoláire machnamh ar na luachanna, ar na creidimh agus ar na traidisiúin a bhaineann le cultúr eile. Trí dhéanamh amhlaidh, gnóthóidh sé léargas níos cuimsithí ar a chultúr féin agus forbróidh sé dearcadh dearfach i leith na héagsúlachta chomh maith le meas agus fiosracht faoin éagsúlacht. Chomh maith leis sin, forbróidh sé feasacht ar an tsochaí ilteangach ilchultúrtha ina maireann sé agus léirthuiscint di. |
| RF 16: Déanann an scoláire cur síos ar phatrúin agus ar choibhneasa agus déanann sé iad a léiriú, a léirmhíniú, a thuar agus a mhíniú. | Foghlaimeoidh an scoláire an dóigh a n-oibríonn an sprioctheanga; déanfaidh sé iniúchadh, cur síos ar; agus bainfidh sé úsáid as patrúin teanga amhail ord na bhfocal, deirí focal, tógáil abairtí agus an córas briathra. Ach comparáid a dhéanamh idir an sprioctheanga agus teangacha eile atá aige, scrúdóidh an scoláire an caidreamh idir teangacha agus gnóthóidh sé léargas níos cuimsithí ar an dóigh a n-oibríonn a theanga féin. |
| RF 24: Úsáideann an scoláire an teicneolaíocht agus uirlisí na meán digiteach chun foghlaim, chun cumarsáid a dhéanamh, chun obair agus chun smaoineamh go comhoibríoch agus go cruthaitheach ar bhealach freagrach agus eiticiúil. | Úsáidfidh an scoláire teicneolaíochtaí digiteacha chun teacht ar fhaisnéis a bhaineann leis an sprioctheanga agus leis an sprioc-chultúr, chun cumarsáid a dhéanamh ach úsáid a bhaint as raon formáidí (formáidí scríofa, fuaime, físe) agus chun cumarsáid a dhéanamh sa sprioctheanga ach uirlisí cuí a úsáid ar bhealach macánta, freagrach, eiticiúil. |

*Tábla 1: Naisc idir Nuatheangacha Iasachta na Sraithe Sóisearaí agus na ráitis foghlama*

7 Is ionann T1 agus teanga dhúchais duine nó a chéad teanga agus is ionann T2 agus an dara teanga atá ag duine. Is ionann T1 scoile agus meán teanga na scoile (Béarla i scoileanna a fheidhmíonn trí mheán an Bhéarla agus Gaeilge i scoileanna a fheidhmíonn trí mheán na Gaeilge). Is ionann T2 scoile agus Gaeilge i scoileanna a fheidhmíonn trí mheán an Bhéarla agus Béarla i scoileanna a fheidhmíonn trí mheán na Gaeilge.

## Príomhscileanna

I dteannta lena n-inneachar agus eolas sonrach, cuireann ábhair agus gearrchúrsaí na sraithe sóisearaí deiseanna ar fáil do scoláirí réimse príomhscileanna a fhorbairt. Tá deiseanna ann chun tacú leis na príomhscileanna uile sa chúrsa seo ach tá roinnt díobh a bhfuil tábhacht ar leith leo.

Sainaithnítear sna samplaí thíos roinnt de na gnéithe a bhaineann le gníomhaíochtaí foghlama sna nuatheangacha iasachta. Chomh maith leis sin, is féidir leis an múinteoir a lán de na gnéithe eile de phríomhscileanna ar leith a fhí isteach ina chuid pleanála don seomra ranga.  Leagtar amach na hocht bpríomhscil go mion i bPríomhscileanna na Sraithe Sóisearaí.

Díríonn curaclam na sraithe sóisearaí ar ocht bpríomhscil:

- a bheith cruthaitheach
- a bheith liteartha
- a bheith uimheartha
- cumarsáid
- eolas agus smaointeoireacht a bhainistiú
- mé féin a bhainistiú
- fanacht folláin
- obair le daoine eile.




*Fíor 1: Príomhscileanna na sraithe sóisearaí*

## Naisc chuig Príomhscileanna na Sraithe Sóisearaí

Tarraingítear aird sna gníomhaíochtaí foghlama teanga thíos ar na naisc idir nuatheangacha iasachta na sraithe sóisearaí a fhoghlaim agus forbairt Phríomhscileanna na Sraithe Sóisearaí. Cé go bhfuil siad leagtha amach leo féin thíos, níor cheart go múinfí leo féin iad. Is samplaí léiritheacha iad agus cuirtear moltaí ar fáil iontu de ghníomhaíochtaí foghlama teanga ar fud na dtrí shnáithe de shonraíocht Nuatheangacha Iasachta na Sraithe Sóisearaí.

| Príomhscil | Gníomhaíocht foghlama an scoláire |
|---|---|
| A bheith liteartha | • Le linn don scoláire a bheith ag déanamh iniúchadh ar réimse leathan téacsanna sa sprioctheanga ar chúiseanna éagsúla, forbraíonn sé a thuiscint ar an teanga agus an sásamh a bhaineann sé aisti.<br>• Foghlaimíonn an scoláire chun a smaointe a chur in iúl go soiléir agus go cruinn sa sprioctheanga trí réimse leathan téacsanna sa sprioctheanga a phróiseáil agus a chruthú.<br>• Le linn don scoláire a bheith rannpháirteach i dtascanna agus gníomhaíochtaí fiúntacha cumarsáideacha, tacaítear leis a thuiscint a fhorbairt ar an gcaoi a n-oibríonn teangacha. |
| Mé féin a bhainistiú | • Foghlaimíonn an scoláire cén chaoi chun é féin agus a fhoghlaim a bhainistiú trí ghlacadh le tionscnaimh, spriocanna pearsanta a shocrú agus a bhaint amach agus machnamh agus machnamh a dhéanamh ar a fhoghlaim.<br>• Foghlaimíonn an scoláire chun úinéireacht agus freagracht a ghlacadh as a chuid foghlama le himeacht aimsire nuair atá sé rannpháirteach i gcinntí a dhéanamh.<br>• Agus an scoláire ag cruthú a phunainne teanga scoláire féin (PTS), pleanálann agus cruthaíonn sé téacsanna, socraíonn sé spriocanna agus déanann sé machnamh ar a ghaiscí, ach úsáid a bhaint as aiseolas foirmitheach chun a chuid foghlama a fhéinmheasúnú. |
| Fanacht folláin | • Foghlaimíonn an scoláire chun a mhuinín agus a athléimneacht a fhorbairt le linn dó a bheith rannpháirteach i dtascanna dúshlánacha agus fiúntacha agus i ngníomhaíochtaí atá inbhainte amach agus bainteach lena shaol féin.<br>• Tacaítear le folláine an scoláire nuair a bhíonn deiseanna aige chun a bhuanna agus a mheonta a léiriú i dtimpeallacht foghlama atá sábháilte agus tacúil.<br>• Tacaítear le folláine an scoláire nuair a fhoghlaimíonn sé cén chaoi chun tuiscint a fháil ar a oidhreacht agus ar a chultúr féin agus ar oidhreacht agus ar chultúr daoine eile. |
| Eolas a bhainistiú<br>smaointeoireacht a bhainistiú | • Ní mór úsáid a bhaint as eolas, scileanna agus straitéisí nuair atáthar ag foghlaim teanga nua chun tacú le tuiscint ar réimse téacsanna sa sprioctheanga.<br>• Smaoiníonn an scoláire go criticiúil agus go cruthaitheach nuair a úsáideann sé an sprioctheanga chun tuiscint a phlé le daoine eile. |

| | |
|---|---|
| | • Cothaítear fiosracht an scoláire le linn dó a bheith ag bailiú, ag taifeadadh, ag eagrú, agus ag déanamh measúnú ar eolas agus sonraí faoin sprioctheanga agus faoi chultúir lena mbaineann sí.<br>• Foghlaimíonn an scoláire cén chaoi chun úsáid a bhaint as teicneolaíochtaí digiteacha go macánta, go heiticiúil agus go freagrúil le linn dó a bheith ag déanamh taighde ar eolas agus le linn dó a bheith rannpháirteach i ngníomhaíochtaí cumarsáideacha le daoine eile sa sprioctheanga. |
| A bheith uimheartha | • Le linn don scoláire a bheith rannpháirteach i dtascanna agus i ngníomhaíochtaí atá dírithe ar bhrí agus ar fhoirm, tacaítear leis chun fadhbanna a réiteach, chun réasúnú, agus chun patrúin theangeolaíocha a thuar agus a thabhairt faoi deara.<br>• Le linn don scoláire a bheith rannpháirteach i dtéacsanna ilmhódacha amhail suirbhéanna, grafaic faisnéise agus sonraí uimhriúla (dáta, am, praghsanna, achar, srl.), faigheann an scoláire tuiscint ar shonraí agus léiríonn sé a thuiscint ar a fhocail féin.<br>• Le linn don scoláire a bheith rannpháirteach i dtascanna agus i ngníomhaíochtaí teanga, daingníonn agus aistríonn sé coincheapa agus scileanna uimhriúla lena n-áirítear aithint uimhreacha, seicheamhú, dáta, am, luach, tomhas, agus céatadán. |
| A bheith cruthaitheach | • Le linn don scoláire a bheith rannpháirteach i gcumarsáid bhríoch sa sprioctheanga, úsáideann sé teanga go cruthaitheach chun a theachtaireacht a chur in iúl.<br>• Le linn don scoláire a bheith ag cur lena phunann teanga scoláire, úsáideann sé a shamhlaíocht agus a chruthaitheacht chun réimse leathan téacsanna a chruthú.<br>• Le linn don scoláire a bheith ag gníomhú chun tascanna agus gníomhaíochtaí a chur i gcrích, déanann sé iniúchadh ar roghanna éagsúla agus déanann sé cinntí agus tagann sé chun bheith ina fhoghlaimeoir níos neamhspleáiche. |
| Obair le daoine eile | • Le linn don scoláire a bheith ag úsáid teanga le haghaidh cumarsáid cheart in obair bheirte agus ghrúpa, oibríonn sé le daoine eile chun an ceann is fearr a fháil ar bhacainní i gcumarsáid agus chun míthuiscintí a sheachaint.<br>• Le linn don scoláire a bheith ag foghlaim faoi thíortha na sprioctheanga agus faoi chultúir bhainteacha, foghlaimíonn sé le bheith oscailte do; agus tuiscint a fháil ar; éagsúlacht chultúir agus teangacha.<br>• Le linn don scoláire a bheith ag úsáid critéir le haghaidh piarmheasúnú agus aiseolais, foghlaimíonn sé chun caidrimh a fhorbairt agus chun comhoibriú i dtimpeallacht thacúil. |
| Cumarsáid | • Le linn don scoláire a bheith ag úsáid na sprioctheanga ina chuid foghlama, foghlaimíonn sé chun tuiscint a fháil ar an sprioctheanga agus chun é féin a chur in iúl in idirghníomhaíochtaí simplí laethúla.<br>• Le linn don scoláire a bheith ag foghlaim chun idirghníomhaíochtaí simplí a dhéanamh sa sprioctheanga agus chun eolas a chur i láthair a phiaraí ach |

| | |
|---|---|
| | úsáid a bhaint as gnáth-theanga shimplí, éiríonn sé níos muiníní agus inniúla mar chumarsáidí.<br>• Le linn don scoláire a bheith ag plé le téacsanna sprioctheanga dílse, éiríonn sé níos feasaí ar an teanga de réir mar a úsáidtear í chun cumarsáid a dhéanamh sa saol laethúil. |

*Tábla 2: Naisc idir Nuatheangacha Iasachta na Sraithe Sóisearaí agus Príomhscileanna na Sraithe Sóisearaí*

## Forbhreathnú: Cúrsa

Tá an tSonraíocht do Nuatheangacha Iasachta na Sraithe Sóisearaí (NTI SS) deartha le haghaidh 200 uair ar a laghad de rannpháirtíocht an scoláire ar an gclár ama agus tá sí eagraithe de réir trí shnáithe chomhtháite: **Inniúlacht Chumarsáideach**, **Feasacht Teanga**, agus **Eolas Soch-Chultúrtha agus Feasacht Idirchultúrtha**.

Tá na snáitheanna sin miondealaithe a thuilleadh agus gnéithe déanta díobh agus sonraítear freisin na torthaí foghlama a bhaineann le gach gné.

Baineann an snáithe, **Inniúlacht Chumarsáideach**, le cumas an scoláire chun cumarsáid fhollasach a dhéanamh sa sprioctheanga a fhorbairt.

Sa snáithe **Feasacht Teanga**, feabhsaítear an fheasacht ghinearálta atá ag an scoláire ar theangacha, chomh maith leis an scil de theangacha a fhoghlaim agus forbraítear an fheasacht atá aige air féin mar fhoghlaimeoir teanga.

Leagtar béim sa snáithe seo **Eolas Soch-Chultúrtha agus Feasacht Idirchultúrtha** ar an gcaoi a bhfuil teangacha agus cultúir nasctha go dlúth. In eolas soch-chultúrtha agus feasacht idirchultúrtha, ligtear don scoláire rochtain ar a fháil ar ghnéithe nua cultúrtha agus spreagtar é le machnamh a dhéanamh ar a chultúr féin.


Tá úsáid teanga lárnach d'fhorbairt na hinniúlachta teanga trí chéile. Forbraíonn an scoláire inniúlacht chumarsáideach trí úsáid a bhaint as teanga mhachnamhach, rud a dhéanann eolas d'fhorbairt Eolais shoch-chultúrtha agus feasachta idirchultúrtha dá réir sin, agus déanann an t-eolas agus an fheasacht chéanna eolas don teanga mhachnamhach.

### Teagasc agus foghlaim

Cé go leagtar amach na torthaí foghlama a bhaineann le gach snáithe astu féin sa tsonraíocht seo, níor chóir go dtuigfí as sin go bhfuil staidéar le déanamh ar na snáitheanna ina n-aonar.

Tugtar tacaíocht ghníomhach d'fhoghlaim teanga an scoláire nuair a dhéantar a **Inniúlacht Chumarsáideach, Feasacht Teanga** agus **Eolas Soch-Chultúrtha agus Feasacht Idirchultúrtha** a fhorbairt ar bhealach comhtháite. Ar an gcaoi chéanna, ní féidir na gnéithe a bhaineann le gach snáithe a mhúineadh leo fein, cé go bhfuil siad leagtha amach ina n-aonar.

Is iondúil go mbíonn an chumarsáid ilmhódach, ina gcumasaítear cumarsáid bhríoch trí léitheoireacht, scríbhneoireacht, éisteacht, agus labhairt. Cabhraítear le cumarsáid éifeachtach nuair a éiríonn an scoláire níos feasaí ar ghramadach, comhréir agus fuaimniú, mar sin, múintear na gnéithe foghlama seo i gcomhthéacs cumarsáideach na dtascanna agus na ngníomhaíochtaí a leagtar amach i Snáithe 1. Léiríonn Fíor 2 thíos na naisc idir na trí shnáithe. Féach na haguisíní le haghaidh tuilleadh tacaíochtaí.





*Fíor 2: An idirghaolmhaireacht idir na trí shnáithe*

Mar bhonn eolais faoin tsonraíocht churaclaim, tá aidhmeanna oideachasúla agus prionsabail FTCE agus CV FTCE, a fheidhmíonn mar chreat d'fhoghlaim, teagasc agus measúnú na dteangacha.

### FTCE leibhéal A1 – A2: úsáideoir bunúsach

Eagraíonn FTCE inniúlacht teanga i scála leanúnach ó leibhéal A1 go C2 (féach Fíor 3 thíos). Is é aidhm na sonraíochta le haghaidh Nuatheangacha Iasachta na Sraithe Sóisearaí inniúlacht chumarsáideach teanga a fhorbairt atá ag teacht den chuid is mó le banda A (A1 go A2, Úsáideoir Bunúsach) de FTCE agus CV FTCE agus a thuairisceoirí.




*Fíor 3 Scála Inniúlachta Teanga FTCE*

Tacaítear le foghlaim teanga ar fud na leibhéal ar fad trí théacsanna agus eispéiris bharántúla fíorshaoil. Ag leibhéal an úsáideora bhunúsaigh den fhoghlaim teanga, tá ról lárnach ag eispéiris saoil an scoláire. Foghlaimíonn an scoláire chun idirghníomhú i gcásanna a bhfuil ábharthacht

láithreach ag baint leo; baineann sé leas as réamheolas, scileanna agus straitéisí atá aige cheana féin agus aistríonn sé iad chuig an teanga nua atá sé a fhoghlaim.

Le linn d'inniúlacht teanga an scoláire a bheith ag forbairt ar fud an bhanda A1-A2, foghlaimíonn sé chun úsáid a bhaint as réimse níos leithne ábhar, imeachtaí, agus eispéireas coitianta, a fheileann dó agus a bhaineann lena aois agus lena chéim forbartha.

### Ról na dtéacsanna

Is féidir téacs a thabhairt ar gach táirge a bhaineann le húsáid teanga—teanga labhartha, scríofa, fhísiúil, nó ilmhódach. Is foinsí teanga fíorluachmhaire iad téacsanna de bharr go n-úsáidtear iad chun cumarsáid a dhéanamh san fhíorshaol. I Nuatheangacha Iasachta na Sraithe Sóisearaí, gheobhaidh an scoláire taithí ar réimse téacsanna dílse agus oiriúnaithe ó bhéal, scríofa, agus ilmhódacha i réimse seánraí agus formáidí.

Mar úsáideoir bunúsach, foghlaimíonn an scoláire chun téacsanna gearra agus simplí a phróiseáil, a thuiscint agus a chruthú i gcomhthéacsanna coitianta a bhaineann le réimsí na hábharthachta láithrí i réimsí pearsanta, poiblí, agus oideachais d'úsáid teanga. Le linn dá inniúlacht a bheith á forbairt, bíonn an scoláire in ann téacsanna níos faide agus níos casta a phróiseáil, a thuiscint agus a chruthú a bhaineann le hábhair choincréiteacha agus choitianta a bhaineann lena shaol féin.

### An cur chuige dírithe ar ghníomh

Tacaíonn FTCE le cur chuige dírithe ar ghníomh maidir le foghlaim teanga ina leagtar béim ar fhoghlaim na teanga chun spriocanna fíorshaoil a bhaint amach. D'eascair an cur chuige seo as an gCur Chuige Cumarsáideach, agus de réir an chuir chuige sin is meán cumarsáide í teanga d'fhoghlaimeoirí agus d'úsáideoirí teanga ón tús. Tá sé seo bunaithe ar an tuiscint go mbíonn teanga ann i gcomhthéacs sóisialta agus go bhfuil tionchar ag go leor gnéithe seachtracha agus inmheánacha ar chumarsáid. Áirítear leo sin, an suíomh sóisialta, gnéithe cultúrtha chomh maith le hinniúlachtaí an fhoghlaimeora.

Tá foghlaim agus teagasc láraithe in úsáid fheidhmeach na teanga agus chun spriocanna a bhaint amach chun tascanna a chur i gcrích ina léirítear úsáid teanga fíorshaoil lasmuigh den seomra ranga. Nuair a bhíonn foghlaimeoirí rannpháirteach i dtascanna, caithfidh siad úsáid a bhaint as a n-eolas, scileanna agus as a n-inniúlachtaí ginearálta chun sprioc ar leith a bhaint amach. Cuireann an cur chuige dírithe ar ghníomh ar chumas na bhfoghlaimeoirí na fíorthairbhí láithreacha a thabhairt faoi deara agus iad ag foghlaim teangacha.

Tá an cur chuige dírithe ar ghníomh solúbtha agus cuireann sé ar chumas an mhúinteora úsáid a bhaint as riachtanais agus spéiseanna an scoláire le linn a bheith ag pleanáil eispéiris foghlama atá spreagúil, feiliúnach agus bainteach lena chomhthéacs. Is féidir tuilleadh tacaíochtaí ar FTCE, ar Scálaí Inniúlachta FTCE, agus an cur chuige dírithe ar ghníomh a fháil sna haguisíní.

### Punann teanga an scoláire

De réir na sonraíochta curaclaim seo, is úsáideoirí teanga na foghlaimeoirí teanga, ag a bhfuil ról lárnach ina dturas foghlama teanga. Forbróidh gach scoláire punann teanga an scoláire (PTS) i rith

thrí bliana Nuatheangacha Iasachta na Sraithe Sóisearaí. Is é an aidhm atá leis seo chun an scoláire a spreagadh agus chun tacú agus cabhrú leis sa turas seo ionas go mbeidh sé ina fhoghlaimeoir neamhspleách teanga ar feadh a shaoil.

Is bailiúchán leathan é an PTS seo d'obair an scoláire ina dtugtar an deis agus an spás don scoláire chun spriocanna a réiteach, chun cuntas a dhéanamh dá ghaisce agus é a cheiliúradh, agus machnamh a dhéanamh ar a inniúlacht fhorbartha chumarsáideach, ar a fheasacht teanga, ar a eolas soch-chultúrtha agus feasacht idirchultúrtha. Cuimseofar leis an PTS réimse leathan míreanna arna gcruthú ag an scoláire, lena n-áirítear téacsanna scríofa, labhartha, agus ilmhódacha chun a inniúlacht fhorbartha a léiriú maidir le tascanna agus gníomhaíochtaí cumarsáideacha a chur i gcrích ar fud na dtrí shnáithe. Cuideoidh na spriocanna foghlama, machnaimh an scoláire agus logaí foghlama leis an scoláire chun a fheasacht dhoimhnithe a léiriú ar phróiseas na foghlama teanga agus chun a fheasacht air féin mar fhoghlaimeoir teanga a léiriú.

Nuair a úsáideann an scoláire teanga go cruthaitheach chun cumarsáid a dhéanamh agus nuair a ligtear cead dó dul i riosca i dtimpeallacht foghlama shábháilte, forbróidh sé an mhuinín a theastaíonn le bheith ina fhoghlaimeoir neamhspleách teanga ar feadh a shaoil.

## Ról an scoláire

Chun a neamhspleáchas méadaitheach a léiriú, beidh punann teanga gach scoláire uathúil agus beidh téacsanna ann a léireoidh a phearsantacht, a fhéiniúlacht agus a aois agus a chéim foghlama, ina gcuirfear obair i láthair i bhformáidí éagsúla lena n-áirítear lámhscríofa, digiteach agus ilmhódach.

Le linn d'inniúlacht teanga an scoláire a bheith ag forbairt, ba cheart go dtabharfaí spreagadh dó machnamh agus ceiliúradh a dhéanamh ar a ghaiscí go nuige seo. Chuige sin, tá féinmheasúnú agus machnamh measúnaithe ar obair ina chuid lárnach den PTS. Spreagtar agus tacaítear leis an scoláire chun spriocanna a fhoghlama a shocrú, monatóireacht a dhéanamh ar a dhul chun cinn féin agus spriocanna a shocrú le haghaidh feabhsúcháin ach úsáid a bhaint as critéir amhail *Ráitis 'Is Féidir'* (féach Aguisín C).

## Ról an mhúinteora

Tacóidh múinteoirí leis an scoláire trí threoir a chur ar fáil ar thascanna, gníomhaíochtaí agus téacsanna feiliúnacha, ina léirítear na torthaí foghlama ar fud na dtrí shnáithe. Cé go bhfuil ról lárnach ag an scoláire i bhforbairt a PTS, is féidir le múinteoirí tacú leis an scoláire trí aiseolas foirmitheach ar obair an scoláire a chur ar fáil, aiseolas atá feiliúnach d'aois agus do chéim na foghlama.

Tá forbairt an PTS foirmitheach agus ba cheart go mbeadh sé mar chuid lárnach den fhoghlaim agus teagasc ón tús. Is féidir tuilleadh treoraíochta ar an PTS a fháil sna Treoirlínte Punainne.

## Léargais ar shealbhú an dara teanga

Is ionann Sealbhú an Dara Teanga (SDT) agus an próiseas a bhaineann le dara teanga nó teanga eile a shealbhú tar éis bhunú na máthairtheanga (T1). Tá tionchar ag go leor gnéithe ar SDT lena n-áirítear gnéithe cognaíocha, sóisialta agus sochaíocha.

D’eascair go leor léargas agus ginearálaithe as taighde ar SDT, ina ndéantar iarracht na dálaí a bhfaigheann na páistí taithí orthu sa seomra ranga a shracmheas, laistigh agus lasmuigh den scoil, le linn dóibh scileanna teanga a fhorbairt ina T1.

Cuireadh na léargais seo san áireamh chun tacaíocht bhreise a chur ar fáil do mhúinteoirí sa phleanáil le haghaidh teagaisc, foghlama agus measúnaithe. Tá siad seo léiritheach amháin agus níl siad ceaptha a bheith saintreorach ná uileghabhálach.

## Léargais ar Shealbhú an Dara Teanga

*Curtha in oiriúint ó Ó Duibhir agus Cummins (Tuarascáil Taighde ó CNCM Uimh. 16 (2012, lgh 37-58))*

| | |
|---|---|
| **Teastaíonn stór saibhir leaganacha cainte foirmleacha agus inniúlacht bunaithe ar rialacha ó na foghlaimeoirí teanga.**<br><br>Foghlaimítear cuid de na giotaí móra nó leaganacha cainte de ghlanmheabhair agus is féidir rochtain a fháil orthu go héasca, ach coinnítear teanga eile i bhfoirm bunaithe ar rialacha agus teastaíonn cuimhne fheidhmiúil níos mó ansin. | **Teastaíonn ionchur T2 forleathan, fiúntach agus sothuigthe ó fhoghlaim teanga rathúil faoi threoir.**<br><br>Léiríodh go bhfuil tionchar ag cainníocht agus cáilíocht an ionchuir T1 ar luas an tsealbhaithe. Dá mhéad taithí a fhaigheann na foghlaimeoirí ar an T2, is amhlaidh is mó agus is sciobtha a fhoghlaimeoidh siad í. |
| **Teastaíonn deiseanna le haghaidh aschuir ó fhoghlaim rathúil faoi threoir freisin.**<br><br>Ní leor ionchur sothuigthe fiúntach chun an T2 a shealbhú go rathúil. Nuair a fhaigheann an foghlaimeoir deiseanna go rialta chun úsáid tháirgiúil a bhaint as an sprioctheanga i gcomhthéacsanna fiúntacha, faigheann sé an deis chun scrúdú a dhéanamh ar a thuiscint reatha agus machnamh a dhéanamh ar an teanga atá sealbhaithe aige. | **Tá an deis chun idirghníomhú leis an T2 lárnach chun inniúlacht T2 a fhorbairt.**<br><br>Foghlaimíonn na foghlaimeoirí chun cumarsáid a dhéanamh ar bhealach ina dtuigfear iad trí idirghníomhaíocht. Nuair a thiocfaidh fadhb chumarsáideach chun cinn, bíonn orthu páirt a ghlacadh in idirbheartaíocht chun ciall a fháil, agus d'fhéadfadh go n-eascródh as sin athrú ar an méid atá ráite acu agus d'fhéadfadh sé foghlaim nua a spreagadh. |
| **Tacófar leis na gníomhaíochtaí foghlama teanga a fhorbraíonn eolas intuigthe ar an T2 trí fhócas ar eolas follasach.**<br><br>Sealbhaítear gramadach agus stór focal go neamh-chomhfhiosach trí eolas follasach a fhaightear trí bheith rannpháirteach i ngníomhaíochtaí cumarsáideacha. Is féidir le gníomhaíochtaí lena ngabhann fócas ar fhoirm a bheith ina gcabhair chun aird an fhoghlaimeora a dhíriú ar na gnéithe teangeolaíochta inmhianaithe agus chun aird an fhoghlaimeora a dhíriú ar earráidí gramadúla. | **Ní mór 'siollabas ionsuite' an fhoghlaimeora a chur san áireamh sa treoir.**<br><br>Nuair atáthar ag sealbhú na ngnéithe teangeolaíochta de theanga, leanann na foghlaimeoirí patrún intuartha agus d'fhéadfadh nach mbeadh an patrún seo ar aon dul leis na gnéithe a mhúintear i gceacht. Nuair a bhíonn ábhar na gceachtanna teanga bunaithe ar riachtanais chumarsáideacha na bhfoghlaimeoirí, is féidir leaganacha cainte a shealbhú mar ghiotaí móra nach ndéantar anailís orthu agus is féidir iad a anailísiú níos déanaí nuair atá na foghlaimeoirí réidh ó thaobh forbartha de. |
| **Ní mór difríochtaí idir foghlaimeoirí a chur san áireamh sa treoir.**<br><br>Nuair a fhaigheann na foghlaimeoirí teanga taithí ar réimse gníomhaíochtaí agus straitéisí, éiríonn an fhoghlaim ilchéadfach. Dá mhéad líon agus éagsúlacht na gcéadfaí a úsáideann na foghlaimeoirí teanga ina gcuid foghlama, is amhlaidh is láidre a bheidh na naisc ina n-inchinn, rud a fhágann go mbeidh an fhoghlaim níos éifeachtúla. | **Nuair atáthar ag déanamh measúnú ar inniúlacht T2 na bhfoghlaimeoirí, tá sé tábhachtach scrúdú a dhéanamh ar tháirgeadh saor agus ar tháirgeadh rialaithe.**<br><br>Is féidir measúnú a dhéanamh ar dhul chun cinn teanga an fhoghlaimeora trí réimse cineálacha cur chuige faoi stiúir an fhoghlaimeora agus faoi stiúir an mhúinteora, lena n-áirítear tascanna cumarsáideacha, féinmheasúnú chomh maith le measúnú ar ghnéithe discréideacha den teanga. |

*Tábla 3: Léargais ar Shealbhú an Dara Teanga*

## Dul chun cinn

### Curaclam na bunscoile

Is curaclam teanga comhtháite é Curaclam Teanga na Bunscoile (2019), ina spreagtar cur chuige ilteangach maidir le foghlaim agus fiosrú teanga. Baintear úsáid sa chur chuige seo as eolas agus eispéiris teangacha a thugann páistí leo chuig an seomra ranga. Aithnítear ann go mbíonn a réimse scileanna teanga uathúil ag gach páiste mar gheall ar a chuid eispéireas ar fad ó rugadh é. Tacaíonn Creatchuraclam na Bunscoile (2023) le nuatheangacha iasachta (NTI) a thabhairt isteach i gCéimeanna 3 agus 4, ag tógáil diaidh ar ndiaidh ar an eolas agus feasacht ar theanga atá ag páistí cheana féin agus ag dul ar aghaidh ó shamhail feasachta teanga go samhail inniúlachta i gcéim 4.

Nuair a bhreathnaítear ar an bpéire acu le chéile, díríonn Curaclam Teanga na Bunscoile agus Creatchuraclam na Bunscoile ar thacú leis na páistí ina dturas foghlama teanga, sa Bhéarla, sa Ghaeilge agus i Nuatheanga Iasachta (NTI) (do chéim 3 agus 4), agus san am céanna, spreagtar úsáid na dteangacha eile a labhraítear sa bhaile agus sna bunscoileanna. Tá sé mar aidhm acu léirthuiscint na bpáistí a fhorbairt dá réimse scileanna teanga agus dá bhféiniúlacht chultúrtha féin, chomh maith le feasacht níos leithne a chruthú ar theangacha agus ar chultúir. Tá sé mar aidhm acu fiosracht agus spéis a chothú i bhfoghlaim teangacha, rud atá in ann tacú leo chun spéis a bheith acu agus grá a bheith acu d’fhoghlaim teangacha dá sásamh agus dá saibhriú féin ar feadh an tsaoil. Cruthaíonn an cur chuige ilteangach sin i leith foghlaim teangacha bunús láidir d’fhoghlaim an scoláire maidir le teangacha breise sa tsraith shóisearach agus ina diaidh.

### An tsraith shinsearach

De réir mar a théann an scoláire ar aghaidh ón tsraith shóisearach go dtí an tsraith shinsearach, tugtar go leor deiseanna dó tógáil ar a inniúlacht teanga. I gcás roinnt mhaith scoláirí, is san Idirbhliain a thosaíonn na deiseanna sin. Is bliain í ina bhféadfadh an scoláire an teanga agus na cultúir ghaolmhara ar a ndearna sé staidéar sa tsraith shóisearach a fhiosrú níos mó agus/nó is bliain í ina bhféadfadh sé teanga nua a fhoghlaim.

Cuirfidh foghlaim na nuatheangacha iasachta sa tsraith shinsearach ar chumas an scoláire cur le heispéiris foghlama teanga a bhí aige roimhe, rud a thacaíonn leis chun forbairt a thuilleadh mar fhoghlaimeoir teanga neamhspleách le go bhféadfaidh sé leanúint dá aistear ar feadh an tsaoil mar ilteangach, rud a chuireann ar a chumas plé leis an saol níos leithne, imeascadh go sóisialta agus a bheith ina shaoránach gníomhach domhanda.

## Ionchais maidir leis an scoláire

Leagtar amach *Ionchais maidir leis an scoláire* ina dtrí chuid chomhtháite. Tugtar achoimre ar gach snáithe thíos, mar aon leis na torthaí foghlama ina ndéantar cur síos ar an eolas, ar an tuiscint, ar na scileanna agus ar na luachanna ba cheart don scoláire a bheith ábalta a thaispeáint i ndiaidh dó staidéar a dhéanamh ar na nuatheangacha iasachta sa tsraith shóisearach.

Tá uimhir le gach toradh laistigh de gach snáithe. Tá sé i gceist go gcabhródh an t-uimhriú le pleanáil an mhúinteora agus ní sheasann sé d'ordlathas tábhachta ar bith trasna na dtorthaí iad féin.

Ag leibhéal comónta a chuirtear Nuatheangacha Iasachta na Sraithe Sóisearaí ar fáil. Leagtar amach i sonraíocht NTI SS an méid a bhfuiltear ag súil leis ón scoláire ag deireadh na dtrí bliana staidéir. Dá bhrí sin, cé nach mbeidh torthaí foghlama a ndírítear orthu ag pointe ama ar leith 'curtha i gcrích' fós, leanfaidh siad orthu ag tacú le foghlaim an scoláire sna nuatheangacha iasachta go dtí deireadh na sraithe sóisearaí.


Déantar cur síos sna torthaí foghlama ar na nithe a mheastar ba cheart go mbeadh an scoláire ábalta a dhéanamh sa sprioctheanga. Tá na torthaí foghlama ag teacht a bheag nó a mhór le Banda A den FTCE (A1-A2). Tagraítear iontu do réimsí sonracha d'úsáid teanga (úsáid phoiblí, phearsanta agus oideachasúil[8]) atá oiriúnach d'aois an scoláire agus don taithí atá aige, agus tá siad deartha ionas go mbeifear in ann iad a úsáid le haghaidh teagasc, foghlaim agus measúnú idirdhealaithe. Ar fud gach ceann de na snáitheanna, ba cheart gach deis a thabhairt don scoláire meáin éagsúla a úsáid chun an méid atá foghlamtha aige a thaispeáint agus a chur i láthair.

[8] Féach aguisín B le haghaidh tuilleadh tacaíochtaí ar na réimsí pearsanta, oideachais agus poiblí d'úsáid teangacha.

### Snáithe 1. Inniúlacht chumarsáideach

In **Inniúlacht chumarsáideach**, cuirtear ar chumas an scoláire cumarsáid a dhéanamh go héifeachtúil sa sprioctheanga chun críocha fiúntacha. Sa snáithe seo, glacfaidh an scoláire páirt i ngníomhaíochtaí agus i dtascanna teanga ar fud na réimsí poiblí, pearsanta agus oideachais d'úsáid teanga, agus cuimsítear leis sin na ceithre mhodh cumarsáide a sainaithníodh in FTCE agus in CV FTCE[9]. Léirítear úsáid na teanga san fhíorshaol sna ceithre mhodh cumarsáide chomhtháite, agus is minic a chuimsítear roinnt gníomhaíochtaí leis seo.
Léirítear i bhFíor 4 idirnascthacht agus idirghaolmhaireacht na gceithre ghné.

Tacaíonn rannpháirtíocht ghníomhach sna torthaí foghlama sa snáithe seo a thuilleadh le feasacht teanga agus le heolas soch-chultúrtha agus feasacht idirchultúrtha a fhorbairt.




*Fíor 4 Idirghaolmhaireacht na gceithre mhodh cumarsáide*

[9] CV FTCE, Comhairle na hEorpa, 2020, lch 34

| Gnéithe | Torthaí foghlama |
| --- | --- |
| **Gabhchumas:**<br>Teanga scríofa labhartha agus ilmhódach a thuiscint agus a phróiseáil | *Ba cheart go mbeadh sé ar chumas an scoláire*<br>1.1 treoracha simplí a thuiscint agus a chomhlíonadh sa seomra ranga<br>1.2 ceisteanna agus ráitis scríofa agus labhartha shimplí ar ábhair choitianta a thuiscint i gcásanna laethúla intuartha<br>1.3 ábhar agus ciall ghinearálta téacsanna gearra agus simplí a shainaithint a léirítear i dteanga laethúil, ach úsáid a bhaint as eolas amhairc agus ginearálta chun tacú le tuiscint<br>1.4 gnátheolas a shainaithint (m.sh. uimhreacha, sonraí pearsanta, dátaí, praghsanna, treoracha*)[10] i dtéacsanna simplí labhartha agus scríofa a bhaineann leis an saol laethúil<br>1.5 príomheolas a thuiscint i gcineálacha cur síos ar dhaoine, áiteanna, imeachtaí, agus eispéiris phearsanta i gcomhthéacsanna coitianta a léirítear i ngnáth-theanga shimplí<br>1.6 na príomhphointí a thuiscint i réimse téacsanna dílse agus oiriúnaithe a bhaineann le topaicí coitianta a thagann chun cinn sa saol laethúil i réimse seánraí, réimeanna agus formáidí |
| **Idirghníomhú:**<br>Ciall a chomhchur le chéile in idirghníomhaíocht ó bhéal, scríofa agus ar líne | 1.7 úsáid a bhaint as focail agus nathanna cainte simplí chun comhrá a thosú, a chothú agus chun deireadh a chur le comhrá, chun cabhair, soiléiriú agus athrá a iarraidh nuair is gá<br>1.8 úsáid a bhaint as focail, nathanna cainte agus frásaí simplí chun comhoibriú le daoine eile i ngnáth-thascanna agus i ngnáthghníomhaíochtaí sa seomra ranga (m.sh., obair ghrúpa, dráma, rólimirt, cluichí simplí*)<br>1.9 ceisteanna gearra agus simplí a chur agus a fhreagairt faoi dhaoine, imeachtaí, eispéiris agus gníomhaíochtaí in idirghníomhaíochtaí ó bhéal, scríofa, agus ar líne<br>1.10 idirbhearta simplí a chur i gcrích i gcásanna laethúla (m.sh., siopadóireacht, áirithintí a dhéanamh, eolas pearsanta a chomhroinnt*)<br>1.11 idirghníomhú le daoine eile i ngnáthchásanna coitianta chun eolas, tuairimí agus smaointe a chomhroinnt agus chun pleananna a dhéanamh trí ghnáth-theanga shimplí a úsáid |
| | |

[10] * Tá gach sampla léiritheach agus níl siad ceaptha a bheith uileghabhálach. Féach na haguisíní le haghaidh tuilleadh tacaíochtaí.

| | |
|---|---|
| **Táirgeadh:**<br><br>Labhairt agus scríobh ar réimse cúiseanna agus do chineálacha éagsúla lucht féachana | 1.12 cur síos a dhéanamh ar dhaoine, áiteanna agus ar rudaí a thaitníonn leis agus ar rudaí nach dtaitníonn leis i dtéarmaí simplí ach úsáid a bhaint as focail, leaganacha cainte agus frásaí simplí<br>1.13 réimse téacsanna gearra agus simplí a chruthú i roinnt formáidí agus meán ar ábhair choitianta, ach úsáid a bhaint as tacaíochtaí chun cabhrú le cumarsáid<br>1.14 láithreoireachtaí gearra a ullmhú agus a chur i láthair ar ábhair a bhaineann leis an saol laethúil, agus fáthanna agus mínithe gairide a thabhairt ar thuairimí ach leideanna amhairc agus comharthaí a úsáid chun tacú le cumarsáid<br>1.15 cur síos a dhéanamh ar imeachtaí, gníomhaíochtaí, agus eispéiris phearsanta (bíodh siad fíor nó samhalta) a thagann chun cinn sa saol laethúil ach úsáid a bhaint as frásaí agus abairtí gearra agus simplí agus iad a nascadh le ceangaltóirí simplí (m.sh., "agus", "ach", "de bharr"*) |
| **Idirghabháil:**<br><br>Scileanna agus straitéisí a fhorbairt chun ciall a bhaint agus cumarsáid a chumasú taobh amuigh de bhacainní teangeolaíochta agus cultúrtha | 1.16 eolas simplí, intuartha a thugtar i dtéacsanna gearra, simplí (m.sh. comharthaí, fógraí, póstaeir, bróisiúir*) a chur in iúl<br>1.17 na príomhphointí a thagann chun cinn i gcomhráite nó téacsanna gearra, simplí ar ábhair laethúla intuartha a liostú, nuair a léirítear iad go soiléir i ngnáth-theanga shimplí<br>1.18 a aithint nuair a easaontaíonn daoine agus leaganacha cainte gearra agus simplí a úsáid le hiarraidh ar dhuine rud éigin a mhíniú, chun spéis a léiriú, agus chun aontú a lorg |

## Snáithe 2: Feasacht Teanga

I bh**Feasacht Teanga**, bainfear úsáid as an acmhainn teanga atá ag an scoláire cheana agus feabhsaítear feasacht ghinearálta an scoláire ar theangacha agus ar fhoghlaim teangacha. Sa snáithe seo, déanann sé anailís ar an gcaoi a n-oibríonn an sprioctheanga, déanann sé comparáid idir na teangacha atá aige (Béarla, Gaeilge agus/nó a mháthairtheanga) agus déanann sé machnamh ar fhorbairt a stóir ilteangaigh féin atá ag forbairt, ina bhfuil áit do gach inniúlacht teangeolaíochta. Tacaíonn rannpháirtíocht ghníomhach sna torthaí foghlama sa snáithe seo le hinniúlacht chumarsáideach agus le heolas soch-chultúrtha agus feasacht idirchultúrtha a fhorbairt.

| Gnéithe | Torthaí Foghlama |
|---|---|
| Machnamh a dhéanamh ar an gcaoi a n-oibríonn an sprioctheanga | *Ba cheart go mbeadh sé ar chumas an scoláire*<br>2.1 patrúin agus struchtúir theanga shimplí a aithint agus a úsáid (m.sh., córas briathartha, comhréir, srl.*) ar mhaithe le cumarsáid i gcomhthéacsanna a bhfuil cur amach aige orthu<br>2.2 réimse bunúsach stóir focal a aithint agus a úsáid lena n-áirítear focail, leaganacha cainte agus frásaí ar mhaithe le cumarsáid i gcomhthéacsanna a bhfuil cur amach aige orthu<br>2.3 a aithint cén chaoi a bhfuil tionchar ag an lucht éisteachta agus ag cuspóir na cumarsáide ar úsáid na sprioctheanga (m.sh., réim, formáid, stíl teanga, gnásanna sóisialta, srl.*) |
| Comparáid a dhéanamh idir an sprioctheanga agus teangacha eile atá ag an scoláire | 2.4 cosúlachtaí agus difríochtaí a shainaithint idir gramadach agus stór focal na sprioctheanga agus teangacha eile atá ar eolas aige chun tacú lena thuiscint ar théacsanna ó bhéal, scríofa agus ilmhódacha.<br>2.5 cosúlachtaí agus difríochtaí a aithint idir an sprioctheanga agus rithim teangacha eile atá ar eolas aige (m.sh., litriú, ord na bhfocal, fuaimniú, iontonú agus rithim srl.*)<br>2.6 comparáid a dhéanamh idir úsáid uimhreacha i dtír/dtíortha na sprioctheanga agus úsáid uimhreacha ina thír féin, agus iad a chur i gcodarsnacht lena chéile maidir le réimsí ag a bhfuil ábharthacht láithreach (m.sh., dátaí, praghsanna, aois, am srl.*) |
| Machnamh a dhéanamh ar an gcaoi a bhfoghlaimíonn agus a n-úsáideann sé teangacha | 2.7 úsáid a bhaint as a bhfuil ar eolas aige faoi theangacha eile chun cuidiú leis bearnaí a chúiteamh maidir lena thuiscint agus chun míthuiscintí a sheachaint<br>2.8 réimse straitéisí a fhorbairt le haghaidh foghlama agus úsáid a bhaint as an sprioctheanga agus cuid acu a úsáid leo féin ar mhaithe le cumarsáid a dhéanamh<br>2.9 spriocanna a shocrú, monatóireacht agus measúnú a dhéanamh ar a fhoghlaim féin ach úsáid a bhaint as aiseolas a fhaigheann sé chun machnamh a dhéanamh ar a bhfuil foghlamtha aige agus ar ar gá dó a dhéanamh chun feabhsú |

## Snáithe 3: Eolas soch-chultúrtha agus feasacht idirchultúrtha

In **Eolas soch-chultúrtha agus feasacht idirchultúrtha**, tugtar rochtain don scoláire ar ghnéithe nua cultúrtha agus spreagtar é le machnamh a dhéanamh ar a chultúr féin. Sa snáithe seo, faigheann an scoláire eolas faoi na sprioc-thíortha agus spreagtar é chun meonta fiosrachta, oscailteachta agus comhbhá a fhorbairt do ghrúpaí cultúrtha atá difriúil lena ghrúpa cultúrtha féin.

Tacaíonn rannpháirtíocht ghníomhach sna torthaí foghlama sa snáithe seo leis an scoláire chun a fheasacht a dhoimhniú ar an nasc idir teangacha agus cultúir agus cuireann sí ar a chumas freisin a inniúlacht chumarsáideach agus a fheasacht teanga a fhorbairt a thuilleadh.

| Gnéithe | Torthaí Foghlama |
|---|---|
| Foghlaim faoi fhíricí ábhartha, faoi dhaoine, faoi áiteanna agus faoi stair na dtíortha a bhaineann leis an sprioctheanga | *Ba cheart go mbeadh sé ar chumas an scoláire*<br>3.1 roinnt gnéithe de thíortha na sprioctheanga a shainaithint, a ainmniú agus cur síos a dhéanamh ar na gnéithe céanna i ngnáth-theanga shimplí, i réimsí ábharthachta láithrí (m.sh., gnéithe geografacha, aimsir, daoine agus áiteanna mór le rá, bia, féilte, aireagáin, srl.*)<br>3.2 iniúchadh a dhéanamh ar réimse fíricí agus figiúirí a bhaineann leis an saol laethúil i dtíortha na sprioctheanga agus machnamh a dhéanamh ar a bhfuil foghlamtha aige faoi thíortha na sprioctheanga<br>3.3 taighde a dhéanamh ar eolas a bhfuil spéis phearsanta aige ann faoi thíortha na sprioctheanga agus é a chur i láthair i ngnáth-theanga shimplí ach úsáid a bhaint as réimse meán |
| Ag foghlaim faoi thraidisiúin, faoi ghnásanna agus faoi iompraíochtaí | 3.4 roinnt gnásanna, traidisiúin, agus coinbhinsiúin shóisialta ó thíortha na sprioctheanga a shainaithint, a ainmniú agus a thuiscint, iad sin a bhaineann leis an saol laethúil<br>3.5 roinnt steiréitíopaí coitianta a shainaithint agus machnamh a dhéanamh orthu faoina chultúr féin agus faoi chultúir a bhaineann leis an sprioctheanga<br>3.6 réimse téacsanna dílse a bhailiú, a thuiscint, agus a chomhroinnt (m.sh., amhráin, dánta, rímeanna, rabhlóga, srl. *) a bhaineann le tíortha na sprioctheanga trí úsáid chuí a bhaint as na teicneolaíochtaí digiteacha |
| Cultúr a thíre dúchais féin a chur i gcomparáid le cultúr na dtíortha a | 3.7 cosúlachtaí agus difríochtaí a shainaithint i dtaca le saol a phiaraí i dtíortha na sprioctheanga i réimsí den saol laethúil (m.sh., an scoil, an saol sóisialta, spórt, nósanna bia, srl.*)<br>3.8 comparáid agus codarsnacht a dhéanamh idir gnéithe a bhfuil spéis phearsanta aige iontu i dtíortha na sprioctheanga agus na gnéithe sin ina thír féin, iad a chur i |

| | | |
|---|---|---|
| bhaineann leis an sprioctheanga | | láthair i bhfrásaí agus in abairtí gearra agus simplí ach úsáid a bhaint as tacaíochtaí chun cuidiú le cumarsáid |
| | 3.9 | cosúlachtaí agus difríochtaí cultúrtha a aithint agus léirthuiscint a bheith aige don tionchar a bhíonn acu ar idirghníomhaíochtaí sóisialta |

## Measúnú agus tuairisciú

### Measúnú i Nuatheangacha Iasachta na Sraithe Sóisearaí

Baineann measúnú san oideachas le heolas faoi phróisis agus faoi thorthaí na foghlama a bhailiú, a léirmhíniú agus a úsáid. Tá cineálacha éagsúla ann agus is féidir é a úsáid ar bhealaí éagsúla, amhail gnóthachtáil a thástáil agus a dheimhniú, an bealach cuí chun foghlaimeoirí a thabhairt trí churaclam idirdhealaithe a shocrú, nó chun réimsí deacrachta (nó láidreachta) ar leith d'fhoghlaimeoir áirithe a shainaithint. Cé gur féidir teicnící difriúla a úsáid chun measúnú foirmitheach, diagnóiseach agus suimitheach a dhéanamh, dírítear an measúnú agus an tuairisciú ar fhoghlaim an scoláire a fheabhsú. Chuige sin, ní mór go léireodh sé aidhm an churaclaim go hiomlán.

Leagann an tsraith shóisearach an-bhéim ar mheasúnú mar chuid den phróiseas foghlama. Sa chur chuige sin, teastaíonn éagsúlacht sa mheasúnú chun a chinntiú go mbíonn an modh/na modhanna measúnaithe a roghnaítear oiriúnach don fheidhm, tráthúil agus ábhartha don scoláire. Sa mheasúnú i Nuatheangacha Iasachta na Sraithe Sóisearaí, tapófar an deis don scoláire a bheith ina rannpháirtí machnamhach agus gníomhach ina chuid foghlama féin agus an deis dá réir a bheidh ag múinteoirí tacú leis sin. Tá sé sin ag brath ar dheiseanna a bheith á soláthar don fhoghlaimeoir chun dul i ngleic leis na critéir ratha faoina ndéanfar caighdeán a chuid oibre a mheas trí phiarmheasúnú, trí fhéinmheasúnú agus trí mheasúnú múinteora; agus braitheann sé ar chaighdeán an aiseolais dhírithe a fhaigheann sé chun cabhrú leis ina chuid foghlama.

Gné an-tábhachtach den mheasúnú ardchaighdeáin is ea aiseolas dírithe a thabhairt don scoláire ar a chuid foghlama agus is toisc lárnach í maidir le cumas an scoláire a fhorbairt chun a chuid foghlama féin a bhainistiú agus leis an scoláire a ghríosú le cloí le tasc casta nó le fadhb chasta. Is éifeachtaí an measúnú nuair a théann sé níos faide ná marcanna agus gráid, agus díríonn an tuairisciú ní amháin ar mar a d'éirigh leis an scoláire roimhe sin ach freisin ar na chéad chéimeanna eile le haghaidh na foghlama amach anseo. Cinnteoidh an cur chuige sin go ndéanfar an measúnú chomh gar don phointe foghlama agus is féidir. Tá áit ann fós don mheasúnú deiridh, ach níl ann ach gné amháin de chur chuige níos leithne i leith an mheasúnaithe.

Go bunúsach, is é cuspóir an mheasúnaithe agus an tuairiscithe ag an gcéim seo den oideachas tacú leis an bhfoghlaim. Ba cheart léargas cuimsitheach ar fhoghlaim an scoláire a thabhairt do thuismitheoirí/chaomhnóirí. Mar go nascfar an measúnú ranga agus measúnú eile le córas nua tuairiscithe, arb é bronnadh Phróifíl Ghnóthachtála na Sraithe Sóisearaí (PGSS) a bhuaicphointe, tabharfaidh sé léargas leathan soiléir do thuismitheoirí/chaomhnóirí ar thuras foghlama a bpáiste thar thrí bliana na sraithe sóisearaí. Chun tacú leis sin, beidh teacht ag múinteoirí agus ag scoileanna ar Fhoireann Uirlisí don Mheasúnú.


I dteannta an treoirleabhair faoin bpróiseas a bhaineann leis an Athbhreithniú ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair (AFMÁ), áireofar san Fhoireann Uirlisí don Mheasúnú ábhar tacaíochta foghlama, teagaisc agus measúnaithe lena n-áirítear:

- measúnú foirmitheach
- pleanáil le haghaidh measúnú agus é a dhearadh
- gníomhaíochtaí measúnaithe le húsáid sa seomra ranga
- breithiúnas a thabhairt ar obair an scoláire – ag breathnú ar ionchais maidir le scoláirí agus ar ghnéithe cáilíochta
- tuairisciú
- smaoineamh faoin measúnú: smaointe, taighde agus machnamh
- gluais téarmaí measúnaithe.

Áireofar san Fhoireann Uirlisí don Mheasúnú réimse tacaí measúnaithe, comhairle agus treoirlínte a chuirfidh ar chumas scoileanna agus múinteoirí tabhairt faoin gcóras nua measúnaithe agus faoi na socruithe tuairiscithe ar bhealach eolasach, le muinín agus le cinnteacht.

### Measúnú do PGSS

Cuimseoidh an measúnú ar Nuatheangacha Iasachta na Sraithe Sóisearaí chun críche Phróifíl Ghnóthachtála na Sraithe Sóisearaí (PGSS) dhá Mheasúnú Rangbhunaithe (Samplaí ó mo phunann teanga agus Cumarsáid ó bhéal), Tasc Measúnaithe atá nasctha le Punann Teanga an Scoláire agus scrúdú deiridh. Déanfaidh Coimisiún na Scrúduithe Stáit measúnú ar an Tasc Measúnaithe agus ar an scrúdú deiridh.




*Fíor 5 Na comhpháirteanna measúnaithe a tuairiscíodh mar chuid de PGSS*

## Réasúnaíocht do na Measúnuithe Rangbhunaithe (MRBanna) in NTI

Thar na trí bliana den tsraith shóisearach, beidh a lán deiseanna ag an scoláire chun sult a bhaint as an sprioctheanga agus í a fhoghlaim ar fud na snáitheanna. Gabhfaidh sé do ghníomhaíochtaí agus tascanna teanga chun

- cumarsáid a dhéanamh sa sprioctheanga chun críocha fiúntacha
- léargas a fháil ar chultúr/chultúir na spriocteanga
- a fheasacht a dhoimhniú ar an gcaoi a n-oibríonn an spriocteanga.

Trí na gníomhaíochtaí sin forbróidh sé a chuid eolais, tuisceana agus scileanna i dteanga, i gcultúr agus i litearthacht, agus is amhlaidh a ghnóthóidh sé na torthaí foghlama trasna na snáitheanna.

Beidh dhá Mheasúnú Rangbhunaithe i Nuatheangacha Iasachta na Sraithe Sóisearaí sa dara agus an tríú bliain d'oideachas na sraithe sóisearaí. Dhá mharcóir shoiléire atá sna Measúnuithe Rangbhunaithe i dturas foghlama an scoláire, agus iad ina gcuid lárnach freisin de mheasúnú leanúnach agus de ghnáthchleachtas seomra ranga. Sa dóigh seo, tá siad cosúil leis an measúnú foirmitheach a tharlaíonn gach lá sa rang. Mar sin féin, i gcás na Measúnuithe Rangbhunaithe, breactar síos breithiúnas an mhúinteora ar mhaithe le hathbhreithniú ar fhoghlaim agus ar mheasúnú ábhair, agus ar mhaithe le tuairisciú na scoile do thuismitheoirí agus don scoláire.

I rith na dtrí bliana den tsraith shóisearach, beidh a lán deiseanna ag an scoláire chun cumarsáid a dhéanamh sa spriocteanga ar fud na gceithre mhodh cumarsáide. Mar thoradh air sin, is le neamhspleáchas, le muinín agus le cruthaitheacht níos mó a dhéanann sé cumarsáid. Tabharfaidh na Measúnuithe Rangbhunaithe na deiseanna seo a leanas don scoláire:

- cumarsáid a dhéanamh go muiníneach sa spriocteanga
- a fheasacht a dhoimhniú ar an nasc idir teangacha agus cultúir
- taighde a dhéanamh ar eolas faoi thíortha na spriocteanga agus faoi na cultúir bhainteacha
- comhoibriú le daoine eile ar thascanna cruthaitheacha
- a phearsantachtaí agus a spéiseanna uathúla a léiriú
- a chinntí féin a dhéanamh
- a dhul chun cinn agus a ghaiscí a shainaithint, a thuiscint agus a cheiliúradh.

## Measúnú Rangbhunaithe 1: Samplaí ó mo Phunann Teanga

Forbróidh gach scoláire punann teanga i rith thrí bliana na Sraithe Sóisearaí. Is éard a bheidh sa PTS ná bailiúchán oibre a chruthaigh an scoláire le himeacht aimsire. Sa dara bliain, roghnóidh an scoláire trí phíosa i réimse meán ó na cinn a bailíodh le himeacht aimsire agus cuirfidh sé i láthair iad le go ndéanfar measúnú orthu sa chéad Mheasúnú Rangbhunaithe: *Samplaí ó mo phunann teanga*. Cuirtear deis ar fáil don scoláire sa Mheasúnú Rangbhunaithe chun ceiliúradh a dhéanamh ar a ghaiscí go nuige seo mar úsáideoir teanga atá ag éirí níos muiníní agus níos inniúla.

Le himeacht aimsire, cruthóidh gach scoláire réimse leathan míreanna chun machnamh a dhéanamh ar a thuras foghlama teangacha ar fud na dtrí snáithe. De réir mar a fhoghlaimíonn an

scoláire cén chaoi le hidirghníomhú sa sprioctheanga, cuireann sé tascanna agus gníomhaíochtaí i gcrích ar fud na réimsí pearsanta, oideachasúla agus poiblí d'úsáid teanga (féach na haguisíní le haghaidh tuilleadh tacaíochtaí). Coinneoidh sé cuntas ar a dhul chun cinn trí théacsanna scríofa, labhartha agus ilmhódacha amhail póstaeir, grafaicí faisnéise, blaganna, físeáin, podchraoltaí, srl. De bharr gné uathúil agus phearsanta an PTS, is féidir téacsanna a chur i láthair i bhformáidí éagsúla—scríofa de láimh, digiteach, ilmhódach agus mar sin de. Níl na samplaí seo iomlánaíoch ach is í an fheidhm atá acu ná a léiriú gur cheart go mbeadh an bailiúchán téacsanna éagsúil agus go gcuirfí luach ar gach modh cumarsáide.

Gnóthóidh an scoláire a lán eolais as an bpróiseas a bhaineann leis an bpunann a úsáid chun cuntas agus machnamh a dhéanamh ar a fhoghlaim teanga. Cuimseofar leis an bpunann teanga freisin spriocanna foghlama agus machnaimh an scoláire chun cuntas agus monatóireacht a dhéanamh ar a dhul chun cinn le himeacht aimsire. Forbróidh sé muinín as a idirghníomhú chomh maith le feasacht ar an bpróiseas d'fhoghlaim teangacha agus air féin mar fhoghlaimeoir teanga trí aiseolas a fháil go rialta ó phiaraí agus ón múinteoir ar a chuid oibre.

### Fianaise ar fhoghlaim

Tugtar deis don scoláire sa chéad Mheasúnú Rangbhunaithe: *Samplaí ó mo phunann teanga* ceiliúradh a dhéanamh ar a éachtaí mar fhoghlaimeoir teanga ach trí phíosa a roghnú i réimse meán astu sin a cuireadh le chéile le himeacht aimsire agus iad a chur i láthair le haghaidh measúnú sa dara bliain.

Le linn do MRB1 a bheith á chur i gcrích ag an scoláire, léiríonn an scoláire a chumas cumarsáideach, a fheasacht teanga agus a eolas soch-chultúrtha agus a fheasacht idirchultúrtha chun téacsanna a chruthú sa sprioctheanga ar mhaithe le cumarsáid a dhéanamh.

Tá an MRB seo dírithe ar an ngné forbartha agus incriminteach a bhaineann le foghlaim teangacha. Is fearr a thacaítear leis seo nuair atá obair a bhaineann leis an PTS mar chuid lárnach de chleachtas an tseomra ranga agus spreagtar an scoláire chun úsáid a bhaint as a spéiseanna agus chun leas a bhaint as a láidreachtaí.

Le linn an MRB seo a chur i gcrích, roghnaíonn gach scoláire trí théacs le haghaidh measúnú ón bpunann a chruthaigh sé le himeacht aimsire. I bhformhór na gcásanna, tiocfaidh obair i bpunann an scoláire as gnáthchleachtas an tseomra ranga. Ba cheart go léireofaí sna trí phíosa roghnaithe an obair is fearr atá déanta ag an scoláire chomh maith le gné ilmhódach na cumarsáide agus idircheangailteacht na dtrí shnáithe. Tá an tsaoirse ag an scoláire aon cheann de na trí mhír a chruthaigh sé an roghnú, fad is:

- a bheidh mír amháin acu i bhformáid ó bhéal*[11] (píosa labhartha nó píosa closamhairc)
- a léireofar i mír amháin ar a laghad eolas soch-chultúrtha agus/nó feasacht idirchultúrtha[12]
- a léireofar réimse modhanna cur i láthair sna trí phíosa.

[11] Is féidir leis an scoláire níos mó ná mír amháin a chur i láthair i bhformáid ó bhéal fad is a léirítear réimse modhanna cur i láthair (fuaime, closamhairc, ilmhódach, srl.)

[12] Ó tharla go bhfuil gné chomhtháite ag baint leis na snáitheanna agus de bharr gné shóisialta na teanga, is dócha go léireofar i níos mó ná mír amháin roinnt feasacht idirchultúrtha. Sa chás seo, d'fhéadfadh an nóta faoi mhachnamh an scoláire tacú leis an scoláire chun a roghanna a mhíniú.

Ní mór machnamh an scoláire a chuimsiú le gach ceann de na trí théacs a roghnófar chun críocha measúnaithe. Is é is aidhm leis sin an deis a thabhairt don scoláire ráiteas gairid a leagan amach ar chuspóir na cumarsáide maidir le míreanna a roghnaigh sé, agus iarrann sé ar an scoláire an méid a d'fhoghlaim sé ón bpróiseas agus cad a dhéanfadh sé ar bhealach difriúil ar ócáid ina dhiaidh sin a léiriú. D'fhéadfadh machnamh an scoláire tacú leis an múinteoir agus na gnéithe cáilíochta á n-úsáid.

## Measúnú Rangbhunaithe 2: Cumarsáid ó Bhéal

In imeacht na dtrí bliana den tsraith shóisearach, beidh a lán deiseanna ag an scoláire páirt a ghlacadh i dtascanna agus gníomhaíochtaí chun a inniúlacht chumarsáideach a fhorbairt. Le linn don scoláire a bheith páirteach i dtascanna agus in eispéiris bharántúla agus úsáid á baint acu as an spriocteanga ar mhaithe le cumarsáid a dhéanamh, foghlaimíonn sé cén chaoi le hidirghníomhú go muiníneach i gcásanna laethúla ar fud na réimsí pearsanta, oideachasúla agus poiblí d'úsáid teanga. Tá cumarsáid ilmhódach agus tá forbairt na hinniúlachta teanga ó bhéal riachtanach chun inniúlacht chumarsáideach a fhorbairt ina hiomláine. Chuige sin, spreagtar forbairt na hinniúlachta teanga labhartha ón tús chun tacú le forbairt teanga an scoláire ina iomláine.

Sa MRB seo, ullmhóidh agus déanfaidh an scoláire Cumarsáid ó Bhéal os comhair lucht éisteachta dá phiaraí. Is é cuspóir an MRB ná go dtaispeánfaidh an scoláire na scileanna táirgthe labhartha agus idirghníomhaithe labhartha de réir thorthaí foghlama na sonraíochta seo. Agus an scoláire ag ullmhú na Cumarsáide ó Bhéal, úsáidfidh sé eolas agus scileanna atá forbartha aige le himeacht aimsire, lena n-áirítear léitheoireacht, scríbhneoireacht, éisteacht, agus taighde bunúsach.

Cuireann an MRB seo le gné fhorbarthach agus chéimnitheach na foghlama teanga chomh maith le tuiscint an scoláire air féin mar chumarsáidí. Tugtar deiseanna don scoláire idirghníomhú leis an spriocteanga mar chuid de ghnáthchleachtadh sa seomra ranga, forbraíonn sé a mhuinín agus é ag úsáid na spriocteanga ar mhaithe le cumarsáid a dhéanamh.

Cuirfidh an PTS an cleachtas agus tacaíocht leanúnach riachtanach ar fáil don scoláire chun inniúlacht béil a fhorbairt le réiteach do MRB2. Beidh réimse téacsanna i bpunann teanga gach scoláire, lena n-áirítear téacsanna ó bhéal. Ba cheart go dtabharfaí spreagadh don scoláire téacsanna ó bhéal an-ghearr agus simplí a chruthú ón tús, agus de réir mar a fheabhsaíonn a inniúlacht teanga labhartha, beidh a théacsanna ag éirí níos faide agus níos casta, de réir thorthaí foghlama na sonraíochta agus de réir aois agus chéim forbartha an scoláire.

### Fianaise ar fhoghlaim

Le haghaidh an dara Measúnú Rangbhunaithe: *Cumarsáid ó Bhéal*, ullmhóidh agus déanfaidh an scoláire tasc cumarsáide ó bhéal os comhair lucht féachana dá phiaraí.
Le linn don scoláire a bheith ag cur an MRB2 i gcrích, léireoidh an scoláire a chumas cumarsáideach i gcásanna fíorshaoil, le líofacht, cruinneas agus réimse focal de réir thorthaí foghlama na sonraíochta agus de réir aois agus chéim forbartha an scoláire.

D'fhéadfadh gurb é fócas na Cumarsáide seo ó Bhéal ná gné de thíortha nó de chultúr na sprioctheanga; **nó** ionsamhlú d'eispéireas fíorshaoil i dtír na sprioctheanga; **nó** d'fhéadfadh gurb é an fócas ná ábhar nó spreagadh a bhfuil spéis phearsanta aige ann.

Is féidir leis an scoláire obair a dhéanamh ina aonar, le scoláire amháin eile, nó le grúpa. Mar sin féin, i gcás ina raibh comhoibriú ar siúl ag an scoláire chun an ghníomhaíocht a chur i gcrích ba cheart don mhúinteoir a chinntiú go gcuireann gach scoláire leis an ngníomhaíocht go stuama as féin.

Le linn don scoláire a bheith ag cur na Cumarsáide ó Bhéal i gcrích, d'fhéadfadh sé ceann de na formáidí seo a leanas a roghnú:

- agallamh
- rólimirt
- cur i láthair
- comhrá mar fhreagra ar ábhar spreagthach.

Beidh roinnt ceisteanna breise simplí ón múinteoir i gceist le gach ceann de na formáidí. Is féidir leis an scoláire athrá agus roinnt chabhrach a iarraidh maidir le foirmliú a fhreagra chun na ceisteanna seo a bhainistiú. Cé nach féidir leis an scoláire an t-ábhar céanna a roghnú don dá Mheasúnú Rangbhunaithe, is féidir leis machnamh a dhéanamh ar mhíreanna óna phunann teanga mar spreagadh agus é ag ullmhú dá dhara Measúnú Rangbhunaithe.

### Na Gnéithe Cáilíochta

Tacaíonn gnéithe cáilíochta le breithiúnas an scoláire agus an mhúinteora ar na Measúnuithe Rangbhunaithe agus is iad na critéir iad a úsáidfidh an múinteoir chun píosaí oibre an scoláire a mheasúnú. Cuirfear na gnéithe cáilíochta ar fáil sna treoirlínte measúnuithe le haghaidh Nuatheangacha Iasachta na sraithe sóisearaí. Cuirfidh gach scoláire an dá Mheasúnú Rangbhunaithe (MRB) i gcrích.

| MEASÚNÚ RANGBHUNAITHE | An measúnú a chur i gcrích | Cruinniú ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair (AFMÁ) |
|---|---|---|
| Samplaí ó mo phunann teanga | Sa dara bliain | Cruinniú athbhreithnithe amháin |
| Cumarsáid ó bhéal | Sa tríú bliain | Cruinniú athbhreithnithe amháin |

*Tábla 4: Amlíne chun Measúnuithe Rangbhunaithe in NTI SS a chur i gcrích*

## Na Measúnuithe Rangbhunaithe a Mheasúnú

Beidh sonraí níos mine ar fáil i dtreoirlínte measúnaithe ar leith maidir leis an measúnú ar an tuairisciú i Nuatheangacha Iasachta na Sraithe Sóisearaí, ina leagtar amach treoracha ar na socruithe praiticiúla a bhaineann le measúnú na Measúnuithe Rangbhunaithe. Áireofar leo sin, mar shampla, na treoirlínte maidir leis na míreanna le haghaidh an Mheasúnaithe Rangbhunaithe *Samplaí ó mo Phunann Teanga*, agus fad agus formáidí a mholfar le haghaidh Mheasúnú Rangbhunaithe na *Cumarsáide ó bhéal*. Cuirfear gnéithe cáilíochta ar fáil freisin le haghaidh an dá Mheasúnú Rangbhunaithe agus tacaíocht i dtaca le breithiúnas 'ar an iomlán' a úsáid i ndáil leis na gnéithe cáilíochta. Beidh ábhar cuimsitheach acmhainne i bhFoireann Uirlisí don Mheasúnú CNCM freisin le húsáid agus le tagairt dó i measúnú leanúnach ranga ar Nuatheangacha Iasachta na sraithe sóisearaí, agus lena chois sin tabharfar mionchuntas ar an bpróiseas a bhaineann leis an Athbhreithniú ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair.

## An Tasc Measúnaithe

Cuireann an scoláire Tasc Measúnaithe foirmiúil scríofa i gcrích atá le cur faoi bhráid Choimisiún na Scrúduithe Stáit lena mharcáil i dteannta an Scrúdaithe Deiridh do Nuatheangacha Iasachta. Is fiú 10% é de na marcanna a úsáidfear chun an grád a bhronnann Coimisiún na Scrúduithe Stáit a oibriú amach.

Is í CNCM a shonraíonn an Tasc Measúnaithe agus bainfidh sé leis na torthaí foghlama a mbeidh an dara Measúnú Rangbhunaithe bunaithe orthu.

Cuimsítear sa Tasc Measúnaithe roinnt de na gnéithe seo a leanas nó gach ceann díobh:

- Spreagthach gairid i bhformáid scríofa, fuaime, closamhairc nó ilmhódach, mar ullmhú don tasc scríofa.
- Tasc scríofa ina dtástálfar an scoláire maidir leo seo a leanas
  - an cumas atá aige breac-chuntas a thabhairt agus/nó plé a dhéanamh ar an taithí atá aige ar an gCumarsáid ó Bhéal a chur i gcrích
  - a thuiscint ar an taithí sin agus a mheastóireacht uirthi
  - a chumas chun machnamh a dhéanamh ar an eolas agus ar na scileanna a d'fhorbair sé
  - a thuiscint ar an gcaoi ar tháinig forbairt ar a inniúlacht labhartha i rith thréimhse na dtí bliana sa tsraith shóisearach.

## Cleachtais mheasúnaithe ionchuimsitheacha

Ceadaítear cleachtais mheasúnaithe chuimsitheacha sa tsonraíocht, bíodh sin mar chuid de mheasúnú leanúnach nó mar Mheasúnuithe Rangbhunaithe. Sa chás go meastar i scoil go bhfuil sainriachtanas fisiciúil nó foghlama ag scoláire, is féidir oiriúntais réasúnta a chur i bhfeidhm chun tionchar an mhíchumais ar fheidhmiú an scoláire i Measúnuithe Rangbhunaithe a laghdú, a oiread agus is féidir. Ba cheart go mbeadh na hoiriúntais, m.sh. an tacaíocht a thugann cúntóir riachtanas speisialta nó tacaíocht teicneolaíochtaí cúntacha, ag teacht leis na socruithe a chuir an scoil i bhfeidhm chun tacú le foghlaim an scoláire i rith na scoilbhliana.

**An scrúdú deiridh**

Beidh scrúdpháipéar amháin ann ag leibhéal comónta, a shocróidh Coimisiún na Scrúduithe Stáit. Tabharfaidh an scoláire faoin bpáipéar scrúdaithe scríofa seo a mhairfidh suas le dhá uair an chloig ag deireadh an tríú bliain. Iarrfar air dul i ngleic le hábhar spreagtha, a thaispeáint go dtuigeann sé é, agus freagairt dó, agus áireofar leis clos-spreagthach. I mbliain áirithe ar bith, is éard a bheidh sna torthaí foghlama atá le measúnú sampla de na torthaí ó tháblaí na dtorthaí foghlama. Is fiú 35% é de na marcanna comhpháirt na cluastrialach a úsáidfear chun an grád a bhronnann Coimisiún na Scrúduithe Stáit a oibriú amach.

## Aguisín A: Gluais Téarmaí

**Dírithe ar ghníomh:** Féachtar ar an bhfoghlaimeoir sa chur chuige seo mar ghníomhaire sóisialta agus rannpháirtí gníomhach ina chuid foghlama féin. Tugtar le fios go n-úsáidfidh an foghlaimeoir an sprioctheanga agus é páirteach i dtascanna bríocha, comhoibritheacha.

**Lucht féachana:** grúpa daoine le chéile in aon áit amháin chun breathnú ar nó éisteacht le dráma, scannán, duine ag labhairt. Is ionann lucht féachana an téacs scríofa agus an duine nó an grúpa a ndírítear an téacs orthu.

**FTCE:** D'fhoilsigh Comhairle na hEorpa *Common European Framework of Reference for Languages: Learning, Teaching, Assessment [An Fráma Tagartha Comónta Eorpach: Foghlaim, Teagasc agus Measúnú]* in 2001. Cuireann an creat tagartha seo uirlisí, treoirlínte, agus acmhainní ar fáil chun tacú le teagasc, foghlaim agus measúnú na dteangacha.

**CV FTCE:** Foilsíodh *Common European Framework of Reference for Languages: Learning, Teaching, Assessment Companion Volume [An Fráma Tagartha Comónta Eorpach: An tImleabhar a ghabhann le Foghlaim, Teagasc, Measúnú]* in 2020. Cuireann sé leis an FTCE bunúil agus nuashonraíonn sé é leis na tuairisceoirí breise agus teanga nuashonruithe chun eochairchoincheapa a shoiléiriú agus tuairisceoirí bunúla na bliana 2001 a ionadú.

Is ionann **réimse** agus na hearnálacha leathana den saol sóisialta a bhaineann le foghlaim agus úsáid teanga ina bhfeidhmímid. Is iad na príomhchatagóirí a sainaithníodh sa FTCE ná na réimsí ***oideachais, gairme, poiblí*** agus ***pearsanta*** (féach leathanach XX), ach ní mheastar go bhfuil an réimse gairme bainteach go díreach le riachtanais foghlama teanga an scoláire sa tsraith shóisearach.

**Topaicí a bhfuil cur amach ag an bpáiste orthu:** Tá taithí ag an bhfoghlaimeoir ar na ábhair trína thaithí shaoil féin.

**Fócas ar fhoirm:** Aird na bhfoghlaimeoirí a tharraingt go follasach ar ghnéithe teangeolaíochta de réir mar a thagann siad chun cinn go nádúrtha i gceachtanna ina bhfuil an príomhfhócas ar chumarsáid nó ar chiall.

**Léirithe foirmleacha:** Sraith focal a cuireadh de ghlanmheabhair nó a stóráladh. Tá rochtain éasca air le húsáid go spontáineach. Is féidir tagairt a dhéanamh dó mar leadhb réamhdhéanta.

**Seánra:** Seo an téarma a úsáidtear leis an gcineál téacs a thabhairt le fios atá coitianta chun críocha ar leith. Baineann spriocanna agus patrúin eagrúcháin faoi leith le seánraí, ag brath ar a gcuspóir agus ar a lucht féachana/idirghabhálaí,, agus bíonn réim theanga iomchuí acu.

**Feasacht idirchultúrtha:** Feasacht ar chultúr an scoláire féin agus ar chultúir, luachanna agus creidimh eile. Cothaíonn sé tuiscint, comhbhá, meas agus glacadh le daoine agus cultúir eile trí dhíriú ar shaineolas a fhorbairt, mar aon le dearcthaí agus scileanna.

**Idirghabhálaí:** duine a ghlacann páirt i gcomhrá/dialóg

**Logaí foghlama:** cuireann siad bealach ar fáil don scoláire taifead a dhéanamh ar a bhfuil sé a fhoghlaim go solúbtha. Tugtar punanna foghlama orthu ó am go chéile agus d'fhéadfaidís a bheith i bhfoirm pháipéir nó dhigiteach.

**Idirghabháil:** nuair atáthar ag úsáid scileanna agus straitéisí idirghabhála, feidhmíonn an t-úsáideoir/foghlaimeoir mar ghníomhaire sóisialta a chruthaíonn droichid agus a chabhraíonn chun brí a chruthú nó a chur in iúl, uaireanta laistigh den teanga chéanna, uaireanta ó theanga amháin go teanga eile (idirghabháil trasteanga). Dírítear ar ról na teanga i bpróisis ar nós spás agus coinníollacha a chruthú don chumarsáid agus/nó foghlaim, comhoibriú chun brí nua a thógáil, daoine eile a

spreagadh chun brí nua a thógáil nó a thuiscint, agus eolas nua a chur ar aghaidh i bhfoirm chuí. Is féidir an comhthéacs a bheith sóisialta, oideolaíoch, cultúrtha, teangeolaíoch nó gairmiúil.

**Breisteangachas:** Cómhaireachtáil teangacha éagsúla sa tsochaí.

**Ilteangachas:** Stór focal teangeolaíoch dinimiciúil agus forbartha de chuid an úsáideora/fhoghlaimeora aonair is ea ilteangachas ina dtarraingíonn sé ar a acmhainní agus a thaithí theangeolaíocha agus chultúrtha féin chun páirt níos iomláine a ghlacadh i gcomhthéacsanna sóisialta agus oideachais.

**Ilchultúrachas:** In inniúlacht chultúrtha duine, ní bhíonn na cultúir éagsúla (náisiúnta, réigiúnach, sóisialta) ar a bhfuil fáil ag an duine taobh le taobh agus sin amháin; déantar comparáid agus codarsnacht eatarthu agus idirghníomhaíonn siad go gníomhach chun inniúlacht shaibhrithe, chomhtháite ilchultúrtha a tháirgeadh.

**Gníomhaí sóisialta:** foghlaimeoir teanga a úsáideann an teanga le gníomhú i suíomh sóisialta agus chun freagracht a ghlacadh sa phróiseas foghlama. Nuair a bhreathnaítear ar fhoghlaimeoirí teanga mar ghníomhaithe sóisialta, aithnítear an ghné shóisialta a bhaineann le foghlaim agus úsáid na teanga.

**Straitéis:** modh oibre eagraithe, a bhfuil cuspóir leis, agus atá rialaithe, roghnaithe ag duine aonair chun tasc a chur i gcrích a shocraíonn sé nó sí dó nó di féin nó a thagann roimhe nó roimpi.

**Tasc:** gníomh a bhfuil cuspóir leis ina dteastaíonn úsáid a bhaint as teanga agus inniúlachtaí níos leithne chun sprioc shoiléir nó toradh a bhaint amach. D'fhéadfadh go mbeadh réimse leathan gníomhartha i gceist le tascanna amhail pleananna a dhéanamh, cluiche a imirt, béile a ordú, nó nuachtán ranga a ullmhú trí obair ghrúpa.

**Téacs:** Is féidir téacs a thabhairt ar gach táirge a bhaineann le húsáid teanga—teanga labhartha, scríofa, físiúil, nó ilmhódach. Tá go leor feidhmeanna éagsúla ag téacsanna sa saol sóisialta, agus fágann difríochtaí maidir le cuspóir, feidhm agus lucht féachana go bhfuil difríochtaí comhfhreagracha ann in ábhar na dteachtaireachtaí, agus san eagraíocht, leagan amach agus réim teanga.

> **Téacsanna dílse:** Téacs liteartha nó neamhliteartha a cruthaíodh chun cuspóir pearsanta nó sóisialta a chomhlíonadh. Cruthaítear agus dírítear é ar phobal na teanga ina léirítear é.
>
> **Téacs ilmhódach:** ceanglaíonn téacs ilmhódach an teanga de chórais eile le haghaidh cumarsáide, mar shampla téacs clóite, íomhánna amhairc, fuaim agus an focal labhartha.
>
> **Téacs ó bhéal:** cineál cumarsáide a labhraítear nó a chuirtear ar aghaidh ó bhéal go béal.

## Noda giorrúcháin:


| | |
|---|---|
| TM | Tasc Measúnaithe |
| MRB | Measúnú Rangbhunaithe |
| FTCE | An Fráma Tagartha Comónta Eorpach |
| CV FTCE | An tImleabhar a ghabhann leis an bhFráma Tagartha Comónta Eorpach |
| RO | An Roinn Oideachais |
| SS | An tSraith Shóisearach |
| JCPA | Próifíl Ghnóthachtála na Sraithe Sóisearaí |
| T1 | teanga dhúchais duine nó a chéad teanga / meán teanga na scoile |
| NTI | Nuatheangacha Iasachta |
| CNCM | An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta |

| | |
|---|---|
| CSS | Coimisiún na Scrúduithe Stáit |
| SDT | Sealbhú Dara Teanga |
| AFMÁ | Athbhreithniú ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair |
| PTS | Punann Teanga an Scoláire |
| ST | Spriocthteanga (Fraincis, Gearmáinis, Iodáilis, Spáinnis) |

## Aguisín B: An cur chuige dírithe ar ghníomh a chur i bhfeidhm

### Samplaí léiritheacha d'úsáid na teanga sóisialta ar fud na réimsí


Le linn na dtrí bliana de staidéar a dhéanamh ar NTI SS, tacaítear leis an scoláire chun inniúlacht teanga cumarsáidí a fhorbairt atá ailínithe go leathan leis an mbanda A1-A2 (úsáideoir bunúsach) de CV FTCE. Mar úsáideoir bunúsach, beidh an scoláire ag idirghníomhú i gcásanna laethúla d'ábharthacht láithreach de réir a aoise agus a chéime ar fud na **réimsí pearsanta**, **oideachais** agus **poiblí** d'úsáid teanga. Tacóidh téacsanna agus tascanna barántúla lena fhoghlaim a léiríonn eispéiris fíorshaoil i gcásanna dá leithéid.  D'fhéadfadh an chairt thíos tacú leis an scoláire agus le múinteoirí chun cásanna nó cúinsí laethúla d'ábharthacht láithreach a shamhlú le linn dóibh a bheith ag fail ábhar barántúil agus/nó a bheith ag pleanáil tascanna barántúla chun tacú leo agus iad ag oibriú le torthaí foghlama na sonraíochta. Tá na samplaí léiritheach agus táscach amháin agus níl siad ceaptha a bheith uileghabhálach ar chor ar bith.




*Fíor 6: Samplaí léiritheacha d'úsáid teanga sóisialta, curtha in oiriúint ó FTCE, 2001: lgh 48-49*

## Machnaimh chun tascanna barántúla a phleanáil

Ar aon dul leis an gcur chuige dírithe ar ghníomh a leagadh amach in CV FTCE, tá úsáid na dtascanna barántúla lárnach d'fhorbairt na hinniúlachta cumarsáidí. Is ionann tasc agus gníomh a bhfuil cuspóir leis ina dteastaíonn úsáid a bhaint as inniúlachtaí teanga agus inniúlachtaí níos leithne chun sprioc nó toradh soiléir a bhaint amach. D'fhéadfadh go mbeadh réimse leathan gníomhartha i gceist le tascanna amhail pleananna a dhéanamh, cluiche a imirt, béile a ordú, nó nuachtán ranga a ullmhú trí obair ghrúpa. **Cuirtear deis ar fáil don scoláire úsáid a bhaint as teanga ar fhíor-chúis i dtascanna.** Tugann úsáid na dtascanna tuilleadh tacaíochta don chur chuige comhtháite maidir le pleanáil leis na torthaí foghlama ar fud na dtrí shnáithe **d'Inniúlacht Chumarsáideach, Feasacht Teanga, agus Eolas Soch-Chultúrtha agus Feasacht Idirchultúrtha.**




*Fíor 7: Samhail na húsáide teanga laistigh den chur chuige dírithe ar ghníomh*

Cuimsítear leis an acmhainn seo samplaí léiritheacha de thascanna barántúla laistigh den bhanda A1-A2 de FTCE chomh maith le príomhúdair mhachnaimh chun tascanna atá dírithe ar ghníomh a phleanáil. Is samplaí léiritheacha amháin iad na hacmhainní seo agus d'fhéadfaidís tacú le múinteoirí chun tascanna barántúla a phleanáil ar mhaithe le teagasc, foghlaim agus measúnú, i gcás múinteoir amháin, agus go comhoibríoch lena chomhghleacaithe.

## Príomhúdair mhachnaimh nuair atáthar ag pleanáil tascanna barántúla

Is féidir leis na príomhúdair mhachnaimh thíos tacú le múinteoirí chun tascanna barántúla a phleanáil i gcás múinteoir amháin agus/nó go comhoibríoch de réir an chur chuige dírithe ar ghníomh. Cuireadh in oiriúint iad ón *Action-oriented Handbook, Canadian Association of Second Language Teachers* (CASLT), 2019:

- An bhfuil feidhm ag an ngníomh seo i ndáiríre is féidir a chur i bhfeidhm san fhíorshaol?
- An mbíonn sé ar siúl i gcomhthéacs sóisialta barántúil?
- An bhfuil sprioc shoiléir ann a fhágfaidh go mbeidh táirge nó toradh ann?
- An dtacaítear le foghlaim trí théacsanna dílse agus taithí bharántúil fíorshaoil?
- An dtacaíonn na dálaí le smaointeoireacht chruthaitheach agus chriticiúil?
- An mbaineann na foghlaimeoirí leas as a n-inniúlachtaí reatha agus as a n-inniúlachtaí a d'fhorbair siad le gairid?
- An ndéanann na foghlaimeoirí cinntí?
- An bhfuil na foghlaimeoirí ar fad in ann an tasc a chur i gcrích?

Úsáideadh na príomhúdair mhachnaimh thuas chun na samplaí léiritheacha de chásanna taisc ar na leathanaigh seo a leanas a anótáil.

## Cásanna Taisc Anótáilte

Tá na cásanna taisc anótáilte leagtha amach thíos ceaptha chun tacú le múinteoirí chun tascanna a phleanáil de réir an chur chuige dírithe ar ghníomh. Forbraíodh na cásanna taisc 1 agus 2 ach úsáid a bhaint as na samplaí léiritheacha FTCE d'úsáid teanga sóisialta (féach Fíor 5). Tá na samplaí seo léiritheach amháin agus níl siad ceaptha a bheith saintreorach.
Léirítear samplaí d'úsáid teanga sa dá shampla laistigh de réimse an oideachais. Léiríonn siad idirghníomhaíochtaí simplí laethúla a roghnaíodh chun dul chun cinn ó leibhéal A1 go leibhéal A2 a léiriú.

### Cás Taisc 1: Laoch áitiúil a mholadh (FTCE — A1)

<table>
<tr><td colspan="2">An réimse úsáide teanga (de réir Fhíor 5): Réimse Oideachais</td></tr>
<tr><td colspan="2">Daoine: tuairisceoirí scoláire<br>Áiteanna: do scoil<br>Réada: foirm iarratais<br>Imeachtaí: aighneacht nuachtlitreach scoile<br>Gníomhaíochtaí: comhlánaigh foirm, tabhair sonraí pearsanta<br>Téacsanna: foirmeacha iarratais, grianghraif, sonraí pearsanta, cártaí aitheantais,</td></tr>
<tr><td colspan="2">Cás Taisc:<br>Tá scoláirí san Idirbhliain ag foilsiú nuachtlitir Fraincise/Ghearmáinise/Iodáilise/Spáinnise do phobal do scoile. Beidh alt darb ainm "Laochra Áitiúla" ar alt in eisiúint na míosa seo, agus táthar ag iarraidh ar an scoláire dlúthchara nó duine muinteartha a ainmniú don onóir seo. Ní mór don duine ainmnithe a bheith ina chónaí sa phobal. Chun do laoch a ainmniú, cuir isteach foirm ar líne ó shuíomh idirlín do scoile. Roghnaíodh d'aighneacht don bhabhta ceannais. Glaonn ball den fhoireann nuachta ort chun d'ainmniú a phlé.</td></tr>
<tr><td>Ullmhúchán don tasc:<br>• bí réidh chun d'eolas pearsanta a roinnt (m.sh. ainm, aois, seoladh)<br>• bailigh eolas faoi do laoch:<br>- ainm, aois, sonraí pearsanta<br>- an gaol atá ag an duine sin leat (m.sh., athair, cara, comharsa)<br>- cén fáth ar laoch é/í an duine seo</td><td>Chun an tasc a chur i gcrích:<br>• Cuir isteach an fhoirm ar líne ar shuíomh idirlín do scoile<br>• Labhair leis an bhfoireann nuachta chun an méid seo a leanas a chomhroinnt:<br>- sonraí d'ainmní<br>- d'eolas pearsanta féin</td></tr>
</table>

*Tábla 5: Cás Taisc 1*

## Nótaí Mínithe an Mhúinteora le haghaidh Chás Taisc 1

Tá na nótaí mínithe thíos le tacú níos mó le pleanáil an mhúinteora. Forbraíodh iad agus aird ar na príomhúdair mhachnaimh nuair atáthar ag pleanáil tascanna barántúla (lch 34) agus nuair atáthar ag pleanáil na dtorthaí foghlama den tsonraíocht seo ar fud na gceithre mhodh cumarsáide (tógtha ó na Torthaí Foghlama i Snáithe 1). Tá siad seo léiritheach agus níl siad ceaptha a bheith saintreorach ná uileghabhálach.

- **An bhfuil feidhm ag an ngníomh seo i ndáiríre is féidir a chur i bhfeidhm san fhíorshaol?**

Bailíonn an scoláire eolas;

Cuireann an scoláire foirm i gcrích ar shuíomh idirlín agus cuireann siad isteach í.

- **An mbíonn sé ar siúl i gcomhthéacs sóisialta barántúil?**

Beidh an tasc ar siúl i scoil agus i bpobal áitiúil an scoláire;

Ainmníonn an scoláire dlúthchara nó duine muinteartha.

- **An bhfuil sprioc shoiléir ann a fhágfaidh go mbeidh táirge nó toradh ann?**

Is é an sprioc ná foirm a chur isteach agus labhairt le foireann na nuachtlitreach faoina ainmniúchán.

- **An dtacaítear le foghlaim trí théacsanna dílse agus taithí bharántúil fíorshaoil?**

D'fhéadfadh go gcuimseofaí le téacsanna dílse agus eispéiris bharántúla fíorshaoil ailt ghearra ar laoch áitiúil, foirmeacha ar líne, agallaimh ghearra.

- **An dtacaíonn na dálaí le smaointeoireacht chruthaitheach agus chriticiúil?**

Chun an tasc a chur i gcrích, caithfidh an scoláire smaoineamh go cruthaitheach agus go criticiúil agus é ag roghnú duine le hainmniú, agus é ag bailiú eolais, ag míniú cúiseanna lena ainmniúchán, agus le linn dó a bheith ag labhairt leis an bhfoireann nuachta chun an t-eolas ata ullmhaithe aige a roinnt.

- **An mbaineann an foghlaimeoir leas as a inniúlachtaí reatha agus as a inniúlachtaí a d'fhorbair sé le gairid?**

Chun an tasc a chur i gcrích, baineann an scoláire leas as inniúlachtaí reatha agus inniúlachtaí a forbraíodh le gairid ar fud na gceithre mhodh cumarsáide (féach torthaí foghlama Shnáithe 1) amhail:

TÁIRGEADH: cur síos a dhéanamh ar dhaoine, rudaí a thaitníonn leo agus ar rudaí nach dtaitníonn leo

GABHCHUMAS: ceisteanna simplí a thuiscint, gnáth-eolas a shainaithint,

IDIRGHNÍOMHÚ: soiléiriú, athrá a iarraidh, eolas agus tuairimí a chomhroinnt

IDIRGHABHÁIL: eolas simplí intuartha a léiriú

- **An ndéanann an foghlaimeoir cinntí?**

Déanann an scoláire cinntí nuair atá sé ag ainmniú dlúthchara nó duine muinteartha, nuair atá sé ag roinnt a shonraí pearsanta, nuair atá sé ag tabhairt cúiseanna lena rogha.

- **An bhfuil gach foghlaimeoir in ann an tasc a chur i gcrích?**

Cuimsítear leis an tasc seo roinnt gnéithe taisc le baint amach, amhail eolas a bhailiú agus a ullmhú, foirm a chur isteach, eolas a roinnt leis an bhfoireann nuachta.

*Tábla 6: Nótaí Mínithe an Mhúinteora le haghaidh Chás Taisc 1*

## Cás Taisc 2: Imeacht cultúrtha a ainmniú (FTCE — A2)

**Réimse** (de réir Fhíor 5): Réimse Oideachais

**Daoine:** coiste imeachta (múinteoirí agus scoláirí)

**Áiteanna:** do scoil

**Réada:** cur i láthair

**Imeachtaí:** imeacht cultúrtha scoile

**Gníomhaíochtaí:** foirm iarratais a chomhlánú, cur i láthair a thabhairt, roinnt ceisteanna a fhreagairt, taighde

**Téacsanna:** ailt nuachtáin/ físeáin ghearra ar dhaoine mór le rá ó thír na sprioctheanga

**Cás Taisc:**

Tá imeacht cultúrtha bliantúil á phleanáil ag do scoil chun ceiliúradh a dhéanamh ar an sprioctheanga agus ar na cultúir. Beidh comórtas á reáchtáil ag coiste na n-imeachtaí chun ainm a roghnú don imeacht bliantúil ina dtabharfar onóir do dhuine mór le rá ó phobal na sprioctheanga. Ba mhaith leat duine a ainmniú agus cinneadh a dhéanamh chun taighde a dhéanamh ar roghanna féideartha. Chun cur isteach ar an gcomórtas, beidh ort foirm iarratais a chomhlánú chun do rogha a mhíniú. Ansin, tabharfar cuireadh duit cur i láthair foirmeálta dhá nóiméad a thabhairt ar do rogha do choiste na n-imeachtaí de bheirt scoláirí agus múinteoir amháin, tar éis tréimhse ghairid ceisteanna.

**Ullmhúchán don tasc:**

- Déan taighde ar dhaoine a bhféadfaí onóir a thabhairt dóibh
- Déan cinneadh maidir le d'ainmní agus eolas a bhailiú chun tacú le do thogra
- Cuir an fhoirm iarratais i gcrích
- Ullmhaigh cur i láthair taispeántais sleamhnán faoi d'ainmniúchán
    - Bíodh sonraí pearsanta san áireamh
    - Cuir san áireamh fáthanna ar cheart onóir a thabhairt don duine seo
- Bí réidh le haghaidh ceisteanna a d'fhéadfadh coiste na n-imeachtaí a chur

**Chun an tasc a chur i gcrích:**

- Cuir i láthair an choiste é
- Freagair ceisteanna ón gcoiste

*Tábla 7: Cás Taisc 2*

## Nótaí Mínithe an Mhúinteora le haghaidh Chás Taisc 2

- **An bhfuil feidhm ag an ngníomh seo i ndáiríre is féidir a chur i bhfeidhm san fhíorshaol?**

Déanann an scoláire taighde ar dhuine mór le rá ó phobal na sprioctheanga;

Comhlánaíonn an scoláire foirm iarratais;

Ullmhaíonn agus seachadann an scoláire cur i láthair a mhaireann dhá nóiméad;

Freagraíonn an scoláire roinnt ceisteanna breise

- **An mbíonn sé ar siúl i gcomhthéacs sóisialta barántúil?**

Bíonn an t-imeacht cultúrtha ar siúl laistigh de phobal scoile an scoláire;

Cuimsítear duine mór le rá ó phobal na sprioctheanga leis an gcur i láthair

- **An bhfuil sprioc shoiléir ann a fhágfaidh go mbeidh táirge nó toradh ann?**

Is é an aidhm an fhoirm iarratais a chur isteach agus cur i láthair dhá nóiméad a sheachadadh.

- **An dtacaítear le foghlaim trí théacsanna dílse agus taithí bharántúil fíorshaoil?**

D'fhéadfadh go mbeadh go leor i gceist leis na téacsanna dílse agus eispéiris lena n-áirítear; ailt nuachtáin agus/nó gearrthóga beaga físe faoi dhaoine mór le rá ó phobal na sprioctheanga, suíomhanna gréasáin le haghaidh imeachtaí cultúrtha, foirmeacha iarratais ó dhaoine ó phobal na sprioctheanga.

- **An dtacaíonn na dálaí le smaointeoireacht chruthaitheach agus chriticiúil?**

Chun an tasc a chur i gcrích, smaoineoidh an scoláire go cruthaitheach agus go criticiúil le linn dó a bheith ag déanamh taighde ar dhaoine, ag bailiú eolais, ag ullmhú a chur i láthair ghearr mar aon le fáthanna lena thogra, agus le linn dó a bheith ag fáil réidh le haghaidh ceisteanna ó choiste na n-imeachtaí.

- **An mbaineann na foghlaimeoirí leas as a n-inniúlachtaí reatha agus as a n-inniúlachtaí a d'fhorbair siad le gairid?**

Chun an tasc a chur i gcrích, baineann an scoláire leas as inniúlachtaí reatha agus inniúlachtaí a forbraíodh le gairid ar fud na gceithre mhodh cumarsáide (féach torthaí foghlama Shnáithe 1) amhail:

TÁIRGEADH: láithreoireachtaí gearra a ullmhú agus a chur i láthair, cur síos a dhéanamh dhaoine, rudaí a thaitníonn leo agus rudaí nach dtaitníonn leo

GABHCHUMAS: ceisteanna simplí a thuiscint, gnáth-eolas a shainaithint, eolas tábhachtach a thuiscint i gcur síos ar dhaoine

IDIRGHNÍOMHÚ: ceisteanna gearra agus simplí a chur agus a fhreagairt faoi dhaoine, soiléiriú, athrá a iarraidh, eolas agus tuairimí a chomhroinnt

IDIRGHABHÁIL: na príomhphointí a bhaineann le téacsanna gearra, simplí ar ábhair laethúla a chur in iúl

- **An ndéanann na foghlaimeoirí cinntí?**

Déanfaidh an scoláire cinntí le linn dó a bheith ag roghnú a ainmniúcháin, ag tabhairt fáthanna chun tacú lena thogra, agus ag roghnú formáid le haghaidh a chur i láthair.

- **An bhfuil na foghlaimeoirí ar fad in ann an tasc a chur i gcrích?**

Cuimsítear leis an tasc roinnt céimeanna le baint amach, amhail taighde a dhéanamh ar roghanna féideartha, cur i láthair gearr a ullmhú, ag fáil réidh le haghaidh ceisteanna agus iad a fhreagairt.

*Tábla 8: Nótaí Mínithe an Mhúinteora le haghaidh Chás Taisc 2*

## Tuilleadh eolais faoin gcur chuige dírithe ar ghníomh

### Céard é an CV FTCE?

Foilsíodh an Fráma Tagartha Comónta Eorpach: foghlaim, teagasc, measúnú (FTCE), in 2001, agus tá sé mar chuid d'obair leanúnach Chomhairle na hEorpa chun oideachas ionchuimsitheach ardchaighdeáin a chinntiú mar cheart gach saoránaigh. Foilsíodh an CV FTCE in 2020, agus nuashonraíonn sé an FTCE agus cuireann sé leis. Leagadh amach é le bheith mar chreat cuimsitheach agus neodrach go hoideolaíoch le haghaidh teagasc, foghlaim agus measúnú teanga. Glacann sé seasamh nuálach maidir le bheith ag breathnú ar fhoghlaimeoirí mar úsáideoirí teanga agus mar ghníomhaithe sóisialta agus ag breathnú ar theanga mar mhodh cumarsáide seachas mar ábhar atá le staidéar.

### Céard atá i gceist leis an gcur chuige dírithe ar ghníomh (AOA)?

Is í teachtaireacht mhodheolaíochta FTCE ná gur cheart go mbeadh foghlaim teanga dírithe ar chur ar chumas na bhfoghlaimeoirí gníomhú i gcásanna fíorshaoil, iad féin a chur in iúl agus tascanna éagsúla a chur i gcrích. Mar sin, is é an critéar molta le haghaidh measúnú ná cumas cumarsáideach san fhíorshaol, maidir le contanaim cumais (Leibhéil A1-C2). Tugann sé sin le fios gurb iad gníomhartha a stiúrann an próiseas teagaisc agus foghlama, agus go bhfuil an próiseas sin dírithe ar ghníomhartha. Moltar go soiléir ann freisin pleanáil siar ó riachtanais chumarsáideacha fíorshaoil na bhfoghlaimeoirí, agus mar sin, go bhfuil ailíniú ann idir curaclam, teagasc agus measúnú.

### Cén chuma a bhíonn ar AOA sa seomra ranga?

Ag leibhéal an tseomra ranga, tá roinnt impleachtaí a bhaineann leis an gcur chuige dírithe ar ghníomh a thabhairt isteach. Tugtar le fios nuair a bhreathnaítear ar fhoghlaimeoirí mar ghníomhairí sóisialta go bhfuil siad le bheith páirteach sa phróiseas foghlama. Tugtar le fios freisin go bhfuil an ghné shóisialta a bhaineann le foghlaim teanga agus úsáid teanga le haithint, is é sin an idirghníomhaíocht idir an ghné shóisialta agus an duine aonair i bpróiseas na foghlama. Tugtar le fios nuair a bhreathnaítear ar fhoghlaimeoirí mar úsáideoirí teanga go bhfuil úsáid fhairsing le baint as an sprioctheanga sa seomra ranga – go bhfuiltear le foghlaim cén chaoi chun an teanga a úsáid le hais a bheith ag foghlaim faoin teanga amháin (mar ábhar). Nuair a bhreathnaítear ar fhoghlaimeoirí mar dhaoine ilteangacha, ilchultúrtha ligtear cead dóibh úsáid a bhaint as a n-acmhainní teangeolaíochta uile nuair is gá, spreagadh a thabhairt dóibh chun cosúlachtaí agus rudaí comhchosúla a fháil idir teangacha agus cultúir mar aon le difríochtaí. Thar aon rud eile, tugann an cur chuige dírithe ar ghníomh le fios go bhfuil tascanna fiúntacha, comhoibríocha le déanamh sa seomra ranga, ina ndíreofar go príomha ar tháirgeadh nó toradh éigin (amhail turas a phleanáil, póstaer a dhéanamh, blag a chruthú, féile a dhearadh).

### Céard é ról an fhoghlaimeora agus an mhúinteora sa phróiseas seo?

Tá comhchruthú na céille (trí idirghníomhú) i lár an phróisis foghlama agus teagaisc sa scéim thuairisciúil FTCE agus sa chur chuige dírithe ar ghníomh. Tá impleachtaí soiléire aige sin don seomra ranga. In amanna, beidh an idirghníomhaíocht sin idir an múinteoir agus an foghlaimeoir/na foghlaimeoirí, ach in amanna, beidh gné chomhoibríoch ag baint leis, idir na foghlaimeoirí iad féin. Is dócha go léireofar an comhthéacs, an traidisiún oideolaíochta sa chomhthéacs sin agus leibhéal inniúlachta na bhfoghlaimeoirí atá i gceist sa chothromú cruinn idir an treoir mhúinteoir-láraithe agus an idirghníomhaíocht chomhoibríoch sin idir na foghlaimeoirí i ngrúpaí beaga. I sochaithe éagsúla an lae inniu, d'fhéadfadh go mbeadh cruthú na céille ar siúl ar

fud teangacha agus d'fhéadfadh sé a fhágáil go mbeadh ar na foghlaimeoirí/an t-úsáideoir leas a bhaint as a scileanna ilteangacha agus ilchultúrtha.
Foinse:https://rm.coe.int/common-european-framework-of-reference-for-languages-learning-teaching/16809ea0d4; lch 29)

## Aguisín C: Scálaí tuairisciúla CV FTCE

Mar go meastar na hionchais don scoláire sa tsonraíocht seo a bheith ailínithe go garbh le leibhéil A1/A2 den CV FTCE (Comhairle na hEorpa, 2020)[13], is samplaí léiritheacha iad na scálaí tuairisciúla a leanas a tógadh uaidh. Níl sé i gceist go n-úsáidfí iad in ionad na dtorthaí foghlama, ach chun tuilleadh tacaíochtaí a chur ar fáil le pleanáil le haghaidh foghlama, teagaisc agus measúnaithe ag na leibhéil seo. Is féidir teacht ar scálaí tuairisciúla léiritheacha uile an FTCE san Imleabhar a Ghabhann leis an FTCE (ibid). Is féidir teacht ar na torthaí foghlama ar leathanaigh 38-45 den doiciméad sin.

[13] Comhairle na hEorpa, An Fráma Tagartha Comónta Eorpach: Foghlaim, Teagasc, Measúnú (CV FTCE), 2020

## Forbhreathnú ar Leibhéil Chomhchoiteanna Tagartha CV FTCE

Tugtar an achoimre seo anseo chun treoir bhreise a chur ar fáil ar dhul chun cinn tipiciúil an scoláire i leibhéil éagsúla. Ó tharla go bhfuil dul chun cinn solúbtha agus idirdhealaithe, tá na tuairisceoirí leibhéil seo léiritheach agus níor cheart glacadh leo mar leibhéil tairsí a chaithfear a bhaint amach chun dul ar aghaidh chuig an gcéad leibhéal eile. Agus an scoláire ag déanamh machnamh ar an nádúr céimnitheach a bhaineann le teangacha a fhoghlaim, bogfaidh sé trí na leibhéil ar bhealach solúbtha agus casta.

| A1 | A2 | B1 | B2 | C1 | C2 |
|---|---|---|---|---|---|
| **Is féidir leis nathanna cainte laethúla agus coitianta a thuiscint agus a úsáid mar aon le habairtí an-bhunúsach a úsáidtear chun riachtanais de chineál nithiúil a shásamh.**<br>**Féadann é féin agus daoine eile a chur in aithne agus ceisteanna a chur agus a fhreagairt faoi shonraí pearsanta, amhail an áit a bhfuil sé ina chónaí, daoine a bhfuil aithne aige orthu agus rudaí atá aige.**<br>**Is féidir leis caidreamh a dhéanamh ar bhealach simplí le duine eile fad a labhraíonn an duine sin go mall agus go soiléir agus atá sé sásta cuidiú a thabhairt dó.** | **Féadann abairtí agus nathanna cainte coitianta a bhaineann le réimsí lena ngabhann an ábharthacht is láithrí a thuiscint (m.sh. faisnéis an-bhunúsach phearsanta agus teaghlaigh, siopadóireacht, an ceantar áitiúil, fostaíocht).**<br>**Is féidir leis cumarsáid a dhéanamh le linn gnáth-thascanna simplí nuair nach bhfuil i gceist iontu ach malartú faisnéise díreach agus simplí maidir le gnáthchúrsaí coitianta. Féadann cur síos a dhéanamh i dtéarmaí simplí ar ghnéithe dá chúlra, dá gharthimpeallacht agus de cheisteanna a bhaineann le riachtanas láithreach.** | Is féidir leis na príomhphointí a thuiscint i ngnáthchaint shoiléir agus chaighdeánach ar chúrsaí coitianta a bpléitear go rialta leo san áit oibre, ar scoil, le linn caitheamh aimsire, srl.<br>Féadann déileáil le formhór na gcásanna ar dócha iad a theacht chun cinn agus é ag taisteal i gceantar ina labhraítear an teanga.<br>Féadann téacs atá simplí agus nasctha a tháirgeadh ar thopaicí a bhfuil cur amach aige orthu nó a bhfuil spéis phearsanta aige iontu.<br>Féadann cur síos a dhéanamh ar eispéiris, ar eachtraí, ar mhianta, ar ábhair dhóchais agus ar uaillmhianta agus cúiseanna achoimre a thabhairt le tuairimí agus le pleananna agus mínithe achoimre a thabhairt orthu. | Féadann na príomhsmaointe a thuiscint i dtéacsanna casta a bhaineann le topaicí nithiúla agus le topaicí teibí araon, lena n-áirítear díospóireachtaí teicniúla ina shainréimse spéise féin.<br>Féadann idirghníomhú le leibhéal áirithe líofachta agus spontáineachta, rud a fhágann go bhféadfadh sé idirghníomhú go rialta le húsáideoirí na sprioctheanga gan aon ualach a bheith ar cheachtar den dá pháirtí.<br>Is féidir leis téacs atá soiléir agus mionsonraithe a tháirgeadh ar raon leathan ábhar agus míniú a thabhairt ar thuairim ar cheist thráthúil, agus na buntáistí agus na míbhuntáistí a bhaineann le roghanna éagsúla á gcur in iúl aige. | Féadann raon leathan de théacsanna casta níos faide a thuiscint, agus an bhunbhrí intuigthe a aithint.<br>Féadann é féin a chur in iúl go líofa spontáineach gan nathanna cainte a chuardach go rófhollasach.<br>Féadann teanga a úsáid go solúbtha éifeachtach chun críche sóisialta, acadúla agus gairmiúla.<br>Féadann téacs soiléir dea-struchtúrtha mionsonraithe a tháirgeadh ar ábhair chasta, agus a léiriú gur féidir leis úsáid rialaithe a bhaint as patrúin eagraíochtúla, as nascairí agus as seifteanna comhtháite. | Féadann a bheag nó a mhór gach cineál téacs a thuiscint.<br>Féadann achoimre a dhéanamh ar fhaisnéis a fhaightear ó éagsúlacht d'fhoinsí labhartha agus scríofa, agus argóintí agus cuntais a athinsint i gcur i láthair comhleanúnach.<br>Féadann é féin a chur in iúl go spontáineach, go han-líofa agus go beacht, agus miondifríochtaí céille a chur in iúl go cruinn, go fiú faoi chúinsí níos casta. |

*Foinse: Comhairle na hEorpa*, An Fráma Tagartha Comónta Eorpach, Foghlaim, Teagasc, *Measúnú*, *2020*

## Greille féinmheasúnaithe CV FTCE (le hidirghníomhú agus idirghabháil ar líne)

Tugadh an ghreille féinmheasúnaithe anseo chun tuilleadh tacaíochta a chur ar fáil dom mhúinteoir agus don scoláire chun tacú leo acmhainní a fhorbairt don PTS, critéir ratha agus/nó seicliostaí féinmheasúnaithe ina measc. Soláthraíonn an ghreille féinmheasúnaithe seo forbhreathnú ar na tuairisceoirí FTCE a bhaineann leis na modhanna cumarsáide atá ábhartha do leibhéal A1/A2. Is féidir na tuairisceoirí le haghaidh leibhéil eile a aimsiú anseo.

| | | A1 | A2 |
|---|---|---|---|
| Gabhchumas | Tuiscint ó bhéal | Is féidir liom focail choitianta agus frásaí an-bhunúsach mar gheall orm féin, ar mo theaghlach agus ar mo gharthimpeallacht nithiúil a aithint nuair a labhraíonn/chomharthaíonn daoine go mall agus go soiléir. | Is féidir liom frásaí agus an stór focal is airde minicíocht a bhaineann leis na réimsí is ábhartha domsa a thuiscint (m.sh. faisnéis an-bhunúsach phearsanta agus teaghlaigh, siopadóireacht, an gheografaíocht áitiúil, fostaíocht). Is féidir liom an príomhphointe a thuiscint i dteachtaireachtaí agus i bhfógraí atá gearr, soiléir agus simplí. |
| | Léamhthuiscint | Is féidir liom ainmneacha coitianta, focail/comharthaí coitianta agus abairtí an-simplí a thuiscint, mar shampla, iad sin ar fhógraí agus ar phóstaeir nó i gcatalóga. | Is féidir liom téacsanna atá simplí agus an-ghearr a léamh. Is féidir liom faisnéis atá sonrach agus intuartha a fháil in ábhar simplí agus laethúil amhail fógraí, réamheolairí, biachláir agus amchláir agus is féidir liom litreacha pearsanta atá gearr agus simplí a thuiscint. |
| Idirghníomhú | Idirghníomhú ó bhéal | Is féidir liom caidreamh a dhéanamh ar bhealach simplí fad atá an duine eile sásta rudaí a athrá nó a rá ar shlí eile ag luas níos moille agus cabhrú liom an rud atá i gceist agam a chur in iúl. Is féidir liom ceisteanna simplí a chur agus a fhreagairt faoi riachtanais láithreacha nó faoi thopaicí a bhfuil an-chur amach agam orthu. | Is féidir liom cumarsáid a dhéanamh le linn gnáth-thascanna simplí nuair nach bhfuil i gceist iontu ach malartú faisnéise díreach agus simplí maidir le topaicí agus le gníomhaíochtaí a bhfuil cur amach agam orthu.<br><br>Is féidir liom caidreamh sóisialta an-ghearr a láimhseáil, cé nach dtuigim mo dhóthain de ghnáth chun an comhrá a choinneáil ar siúl mé féin. |
| | Idirghníomhú scríofa<br><br>agus ar líne | Is féidir liom beannachtaí gearra, simplí a phostáil mar ráitis faoin méid a rinne mé agus an chaoi ar thaitin sé liom, agus is féidir liom freagraí a thabhairt ar thuairimí ar bhealach an-simplí. | Is féidir liom tabhairt faoi idirghníomhú sóisialta bunúsach, lena chur in iúl conas a mhothaím, an méid atá ar siúl agam, agus freagairt do thuairimí le buíochas, leithscéal nó freagraí le ceisteanna. |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | | Is féidir liom freagairt go simplí do phostálacha, íomhánna agus meáin eile. Is féidir liom ceannach an-simplí a dhéanamh, ag comhlánú foirmeacha le sonraí pearsanta. | Is féidir liom idirbhearta simplí amhail earraí a ordú, a chur i gcrích. Is féidir liom treoracha simplí a leanúint agus is féidir liom comhoibriú i dtasc comhroinnte le hidirghabhálaí tacúil. |
| Táirgeadh | Táirgeadh ó bhéal | Is féidir liom frásaí agus abairtí simplí a úsáid chun cur síos a dhéanamh ar m'áit chónaithe agus ar na daoine atá ar aithne agam. | Is féidir liom sraith frásaí agus abairtí a úsáid chun cur síos a dhéanamh i dtéarmaí simplí ar mo theaghlach agus ar dhaoine eile, ar mo dhálaí maireachtála, ar mo chúlra oideachasúil agus ar an bpost atá agam anois nó a bhí agam le déanaí. |
| | Táirgeadh scríofa | Is féidir liom frásaí agus abairtí simplí, astu féin a chruthú. | Is féidir liom sraith frásaí agus abairtí simplí atá ceangailte le nascóirí simplí amhail 'agus', 'ach' nó, 'mar' a scríobh. |
| Idirghabháil | Idirghabháil téacs | Is féidir liom eolas simplí, intuartha a thugtar i dtéacsanna gearra, simplí amhail comharthaí agus fógraí, póstaeir agus cláir a chur in iúl | Is féidir liom an príomhphointe/na príomhphointí a bhaineann le téacsanna gearra, simplí ar ábhair laethúla a bhfuil spéis láithreach iontu a chur in iúl chomh fada agus a chuirtear in iúl iad seo i dteanga shimplí. |
| | Coincheapa idirghabhála | Is féidir liom eolas a iarraidh ar dhaoine eile le frásaí gearra, simplí. Is féidir liom focail/comharthaí agus teachtaireachtaí simplí a úsáid chun mo spéis i smaoineamh a léiriú agus lena dheimhniú go dtuigim. Is féidir liom smaoineamh a chur in iúl go han-simplí agus iarraidh ar dhaoine eile ar thuig siad mé agus a dtuairim a iarraidh. | Is féidir liom comhoibriú i dtascanna simplí praiticiúla, tuairimí a iarraidh ar dhaoine eile, moltaí a dhéanamh agus freagairtí a thuiscint, ar an acht go ligtear dom athrá nó athfhoirmiú a iarraidh ó am go chéile. Is féidir liom moltaí a dhéanamh ar bhealach simplí chun an plé a bhogadh ar aghaidh agus iarraidh ar dhaoine céard a cheapann siad faoi smaointe áirithe. |
| | Cumarsáid a idirghabháil | Is féidir liom cumarsáid a éascú trí m'fháiltiú agus mo spéis a thaispeáint le focail/comharthaí agus comharthaí neamhbhriathartha simplí, trí iarraidh ar dhaoine eile eolas a thabhairt agus trína chur in iúl cé acu a thuigim nó nach dtuigim. | Is féidir liom cumarsáid a dhéanamh trí fhocail/comharthaí simplí a úsáid chun cuireadh a thabhairt do dhaoine rudaí a mhíniú, ag tabhairt le fios nuair a thuigim agus/nó nuair a aontaím. Is féidir liom príomhphointe an méid a deirtear i gcásanna intuartha, laethúla a chur in iúl maidir le mianta agus riachtanais phearsanta. |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | | Is féidir liom sonraí pearsanta daoine eile agus eolas an-simplí, intuartha a chur in iúl, chomh fada agus a chabhraíonn daoine eile liom leis an bhfoirmliú. | Is féidir liom a aithint nuair a easaontaíonn daoine nó nuair a tharlaíonn deacrachtaí agus is féidir liom frásaí simplí a úsáid chun comhréiteach agus comhaontú a lorg. |

*Foinse: Comhairle na hEorpa*, **An Fráma Tagartha Comónta Eorpach, Foghlaim, Teagasc, *Measúnú,*** *2020*

## Greille CV FTCE don mheasúnú scríofa

Cuireadh an ghreille mheasúnaithe agus na gnéithe cáilíochtúla de theanga labhartha san áireamh chun tacú níos mó le múinteoirí chun critéir ratha atá oiriúnach d'aois agus do chéim a chruthú le haghaidh tascanna labhartha agus scríofa ar fud na dtrí bliana de NTI na Sraithe Sóisearaí a léiríonn inniúlacht fhorbartha chumarsáideach an scoláire. Úsáideadh na tuairisceoirí seo chomh maith chun na gnéithe cáilíochta a fhorbairt le haghaidh Mheasúnú Rangbhunaithe 1 agus 2 (féach Treoirlínte Measúnaithe NTI).

| | A1 | A2 |
|---|---|---|
| Foriomlán | Is féidir leis frásaí agus abairtí simplí, astú féin a scríobh. Tá nathanna i dtéacsanna níos faide agus taispeántar fadhbanna comhleanúnachais agus bíonn an téacs an-deacair nó dodhéanta le tuiscint dá bharr. | Is féidir leis sraith frásaí agus abairtí simplí atá ceangailte le nascóirí simplí amhail "agus", "ach" nó, "mar" a scríobh. D'fhéadfadh sé, i dtéacsanna níos faide, go mbeadh nathanna agus fadhbanna comhleanúnachais le sonrú, rud a d'fhágfadh go mbeadh an téacs deacair a thuiscint. |
| Raon | Tá stór focal an-teoranta aige d'fhocail agus de fhrásaí simplí a bhaineann le sonraí pearsanta agus cásanna praiticiúla ar leith. | Úsáideann patrúin abairte bunúsacha ina mbeadh frásaí a bheadh de ghlanmheabhair aige, grúpaí de roinnt bheag focal/comharthaí agus foirmlí chun eolas teoranta a chur in iúl, i gcásanna simplí, gnáthlae. |
| Soiléire | Is féidir leis focail nó grúpaí focal a nascadh le nascóirí líneacha an-bhunúsach ar nós "agus" agus "ansin". | Féadann grúpaí focal a nascadh le nascóirí simplí amhail "agus", "ach" agus "mar". |
| Cruinneas | Ní léiríonn sé ach smacht theoranta ar roinnt struchtúir ghramadaí agus patrúin abairte i stór atá de ghlanmheabhair. Bíonn míthuiscintí ann de bharr earráidí. | Úsáideann sé struchtúir shimplí i gceart, ach déanann sé botúin bhunúsacha go córasach fós. Bíonn míthuiscintí ann uaireanta de bharr earráidí. |
| Cur síos | Is féidir leis frásaí agus abairtí simplí a scríobh faoi féin agus faoi dhaoine samhlaíocha, an áit a gcónaíonn siad agus céard a dhéanann siad, etc. | Is féidir leis cuir síos an-ghairid, bhunúsacha a scríobh ar imeachtaí, gníomhaíochtaí atá thart agus taithí phearsanta. Féadann beathaisnéisí simplí samhlaíocha agus dánta simplí a scríobh faoi dhaoine. |
| Argóint | Níl aon tuairisceoirí ann i gcomhair argóinte ag leibhéal A1. | Níl aon tuairisceoirí i gcomhair argóinte ag leibhéal A2. |

*Foinse: Comhairle na hEorpa*, **An Fráma Tagartha Comónta Eorpach, Foghlaim, Teagasc, *Measúnú*,** *2020*

## Gnéithe cáilíochtúla CV FTCE den teanga labhartha (leathnaithe le fóineolaíocht)

| | A1 | A2 |
|---|---|---|
| Raon | Tá stór focal an-teoranta aige d'fhocail/de chomharthaí agus de fhrásaí simplí a bhaineann le sonraí pearsanta agus cásanna praiticiúla ar leith. | Úsáideann sé patrúin abairt bhunúsacha le frásaí de ghlanmheabhair, grúpaí de roinnt bheag focal agus foirmlí chun cumarsáid a dhéanamh ar eolas teoranta, i gcásanna simplí, laethúla. |
| Cruinneas | Ní léiríonn sé ach smacht theoranta ar roinnt struchtúir ghramadaí agus patrúin abairte i stór atá de ghlanmheabhair | Úsáideann roinnt struchtúr shimplí i gceart, ach déanann sé botúin bhunúsacha go córasach fós. |
| Líofacht | Is féidir leis míreanna cainte réamhullmhaithe an-ghearr aonair, le go leor stadanna chun nathanna, focail nach bhfuil an oiread cur amach aige orthu a fháil, agus chun cumarsáid a dheisiú. | Is féidir leis é féin a chur in iúl le míreanna cainte an-ghearr, cé go mbíonn stadanna, atosú agus athmhúnlú an-soiléir. |
| Idirghníomhú | Is féidir leis ceisteanna a chur agus a fhreagairt maidir le sonraí pearsanta. Is féidir leis idirghníomhú ar bhealach simplí ach braitheann an chumarsáid go hiomlán ar athrá, ar fhrásaí a chruthú arís agus ar dheisiú. | Féadann ceisteanna a chur agus a fhreagairt agus freagairt do ráitis shimplí. Féadann tuiscint a léiriú ach is annamh go bhféadann a dhóthain a thuiscint chun an comhrá a choinneáil ar siúl as a stuaim féin |
| Soiléire | Is féidir leis focail nó grúpaí focal a nascadh le nascóirí líneacha an-bhunúsach ar nós "agus" nó "ansin". | Féadann grúpaí focal a nascadh le nascóirí simplí amhail "agus", "ach" agus "mar". |
| Fóineolaíocht | Is féidir le hidirghabhálaithe foghraíocht stór an-teoranta focal agus frásaí foghlamtha a thuiscint, is idirghabhálaithe a bhfuil taithí acu ar bheith ag déileáil le cainteoirí den ghrúpa teanga lena mbaineann. Is féidir leis réimse teoranta fuaimeanna a rá i gceart mar aon leis an mbéim ar fhocail agus frásaí simplí, a úsáidtear go rialta. | Tá an fhoghraíocht soiléir a dhóthain go ginearálta lena thuiscint, ach beidh ar pháirtithe comhrá athrá a iarraidh ó am go chéile. D'fhéadfadh sé go rachadh tionchar láidir ar bhéim, rithim agus ar iontonú, ó theanga(cha) eile a labhraíonn sé, i bhfeidhm ar intuigtheacht, rud a d'éileodh comhoibriú ó idirghabhálaithe. Ina ainneoin seo, tá foghraíocht na bhfocal a bhfuil cur amach aige orthu soiléir. |

*Foinse: Comhairle na hEorpa*, **An Fráma Tagartha Comónta Eorpach, Foghlaim, Teagasc, *Measúnú,*** *2020*

NCCA

An Chomhairle Náisiúnta
Curaclaim agus Measúnachta
National Council for
Curriculum and Assessment